We will seek Oireachtas support for a new Town and Village Renewal Scheme to support the revitalisation of our towns and villages and improve the living and working environment of communities. Using the €30million available from this year to local authorities for town and village regeneration, the scheme will, among other things, seek to increase the attractiveness and sustainability of our towns and villages as places to live and work. (Year 1 Action)

We will support a new Cabinet level Minister and Department of [Regional Development Rural Affairs] to provide greater political coordination and prioritisation of the work in other Departments in relevant areas that impact on rural Ireland. The Minister will create a clearing house forum to investigate the best ideas to advance economic and social progress in rural Ireland and will work to implement the best proposals in partnership with the rest of Government.

We will also reinforce the role of the Western Development Commission (WDC), so that it supports the implementation of regional jobs plans in the West and North-West. As part of this, the WDC will be given a specific mandate to stimulate the development of enterprise networks in these two regions and to stimulate innovative approaches to development. This will build on the recent allocation of €2million in additional funding to support regional economic development in the West of Ireland, which the WDC will administer across a number of economic development projects.

LEADER groups will continue to play a central role in the rejuvenation of communities throughout Ireland and the new Partnership Government is committed to increasing funding for the LEADER programme. We will work with local authorities, local action groups and local communities to ensure that LEADER funding delivers the maximum possible benefit for communities throughout the country. In addition, we will make available more competitive capital funding to allow LEADER groups bid for additional resources for projects that best support rural economic development.

Building on the €3million provided to support CEDRA initiatives, we will implement the recommendations of the CEDRA report and the new Rural Charter as appropriate; in order to further support the long-term sustainable development of rural Ireland. The new Minister for (Regional Development and Rural Affairs) will take charge of implementing the CEDRA report.

Within the new Department of (Regional Development and Rural Affairs), we will task a coordinating unit to work with communities to develop co-operative structures to keep vital local services in place and to retain and develop vibrant local enterprises.

The new Government will deliver balanced national development. One way in which we will achieve this goal is by creating sufficient scale in the west of Ireland, through an Atlantic Economic Corridor, to match other areas in developing infrastructure, attracting Irish and multinational investment, and growing jobs and wealth in local communities.

To deliver on this goal the new Minister will develop a new and improved Town and

Village Renewal Scheme with input from the Oireachtas in time for Budget 2017. As part of this scheme we will propose to commit additional funding to support the development of rural towns and villages, as a key priority for revitalising rural Ireland.

As part of this additional funding, we will double the funding available for the Rural Walks Scheme from €2million to €4million to increase the number of walks covered from 40 to 80.

Following the completion of the tender process and the awarding of the contract, targeted for June 2017, the new Government will work with the winners to accelerate the roll out of the infrastructure next year. We will work with local councils to establish broadband taskforces to help facilitate the local rollout of commercial and National Broadband Plan infrastructure in each county area. The relevant Cabinet Committee will be updated regularly on the progress of the National Broadband Plan.

The new Government will act swiftly on the recommendations of the Post Office Business Development Group by supporting the introduction and rollout, by An Post, of an 'ePayment Account' in 2016, to enhance post office activity in financial services and increase footfall.

We will also advance a new model of 'community banking' by requesting An Post and the League of Credit Unions, as well as any other interested stakeholders, to investigate and propose a new model of community banking that provides a suite of banking services through the large network of Post Offices. This could be based on the Kiwibank model in New Zealand, where the Post Office owned bank provides a comprehensive suite of financial services, from personal loans and bank accounts to credit cards, business banking, and insurance. We will thoroughly investigate the German Sparkassen model for the development of local public banks that operate within well-defined regions

The new Government will also establish the feasibility of offering motor tax services and other State services in post offices.

We will establish a working group to identify the potential for local post offices to act as 'hubs' to facilitate other services such as health and transport and a one-stop-shop for Government services.

We will also support the establishment of a post office network renewal process to build on An Post's existing 5-year strategy for the network.

The Government commits to the continuation of the current process involving all stakeholders including the NPWS, Government appointed scientists and the TCCA. The Government will do all in its power to facilitate and expedite this process, including providing additional resources, to provide impacted turf cutters with an agreed and reasonable alternative, with the aim of making substantial progress within the lifetime of this Government.

The Government will publish new legislation to de-designate 46 NHAs within the first 100 days of Government.

The Government commits to reviewing the timetable for the implementation of actions relating to NHAs in consultation with the EU.

The Government is committed to building on the progress already made on SACs and will continue working to expedite the relocation process.

We will introduce a new small grants scheme to provide essential upgrades to existing regional arts and culture centres and support the Heritage Council.

We will respond to the Western Development Commission's Creative West report within three months.

We will also boost supports to facilitate increased loans between our National Cultural Institutions and our network of regional museums.

We will also expand the Historic Towns Initiative to include more towns.

We will support the traditional heritage of literature, music, song & dance.

To aid the development of Greenways, the Minister for Transport will develop national guidelines for Greenway public consultation, planning, and construction to help guide local authorities and agencies

The new Government will continue to commemorate the most significant events in the history of this State, ensuring that these commemorations are inclusive, and enhance our understanding of our shared history, particularly among children and young people, so that they have a meaningful and lasting impact.

We will develop and publish an updated National Heritage Plan that sets out policies for the protection and promotion of our built and natural heritage and responds to challenges within the heritage sector.

We will also implement the UNESCO Convention for the Safeguarding of Intangible Heritage so that Ireland's unique cultural heritage assets, such as hurling, uilleann piping and the Folklore Collection in UCD, are given UNESCO recognition and status.

Work to progressively increase funding to the arts, including the Arts Council and the Irish Film Board, as the economy continues to improve

Implement the Arts in Education Charter, which provides an unprecedented opportunity for children and young people to engage in a proactive and meaningful way with arts in education in Ireland

Encourage each local authority to strengthen the role of arts and heritage officers. We

will establish stronger links between arts and heritage officers, the Office of Public Works, Fáilte Ireland, the Arts Council, as well as with Local Enterprise Offices, to develop and promote opportunities for arts and cultural tourism

Introduce a new small grants scheme to provide essential upgrades to existing regional arts and cultural centres around the country, including regional theatres

Prioritise the publication of Culture 2025, the first national cultural policy. It will consider a range of important issues including: supporting artists and creative workers, improving access to culture, breaking down barriers in areas of social exclusion and disadvantage, and how culture is enriched by greater cultural diversity. The publication of Culture 2025 follows a widespread consultation process with relevant stakeholders

Boost supports to regional museums and facilitate increased loans between our National Cultural Institutions and our network of regional museums

Work with the Irish Film Board/Screen Ireland to ensure that Ireland is maximised as a location for international film production

Support a built heritage investment scheme on an annual basis to support the conservation of heritage structures and the regeneration of urban and rural areas

We will further encourage strong, mutually beneficial links between the business community and arts organisations. This approach will be based on helping arts organisations to capitalise on sponsorship opportunities, and develop business partnerships and fundraising skills.

The Irish language is of crucial importance to our heritage and culture. The new Government needs to systematically implement the 20-Year Strategy for the Irish language, increase the number of people using Irish in their daily lives and ensure that Irish becomes a more visible language in today's society, both as a spoken language and also in areas such as signage and literature.

Focus on job creation in the Gaeltacht, through Údarás na Gaeltachta

Encourage the attendance by children in Irish-medium pre-schools or naíonraí in Gaeltacht areas.

Recognise the importance of the status of Irish as a full working language of the EU institutions and work towards ending the derogation, as circumstances allow increase investment in the Irish language.

Appendix 2: Agencies and Bodies funded from the Department's Vote

Body	Website	Address
An Coimisinéir Teanga	www.coimisineir.ie	An Coimisinéir Teanga An Spidéal Co. na Gaillimhe
Arts Council	www.artscouncil.ie	The Arts Council 70 Merrion Square Dublin 2
Chester Beatty Library	www.cbl.ie	Chester Beatty Library Dublin Castle Dublin 2
Crawford Gallery	www.crawfordartgallery.com	Crawford Gallery Emmet Place Cork
Foras na Gaeilge	www.gaeilge.ie www.forasnagaeilge.ie	Foras na Gaeilge 7 Merrion Square Dublin 2
Heritage Council	www.heritagecouncil.ie	Heritage Council Áras na hOidhreachta Church Lane Kilkenny
Irish Film Board	www.irishfilmboard.ie	Irish Film Board Queensgate 23 Dock Road Galway
Irish Manuscripts Commission	www.irishmanuscripts.ie	Irish Manuscripts Commission 45 Merrion Square Dublin 2
Irish Museum of Modern Art	www.modernart.ie	Irish Museum of Modern Art Royal Hospital Military Road Kilmainham Dublin 8
National Archives of Ireland	www.nationalarchives.ie	The National Archives Bishop Street

		Dublin 8
National Concert Hall	www.nch.ie	National Concert Hall Earlsfort Terrace Dublin 2
National Gallery of Ireland	www.nationalgallery.ie	National Gallery of Ireland Merrion Square West Dublin 2
National Library of Ireland	www.nli.ie	National Library of Ireland Kildare Street Dublin 2
National Museum of Ireland	www.museum.ie	National Museum of Ireland Collins Barracks Benburb Street Dublin 7
Western Development Commission	www.wdc.ie	Western Development Commission Dillon House, Ballaghaderreen Co Roscommon
Tha Boord o Ulstèr-Scotch (Ulster-Scots Agency)	www.ulsterscotsagency.com	The Ulster-Scots Agency The Corn Exchange Belfast, BT1 2LG Northern Ireland
Údarás na Gaeltachta	www.udaras.ie	Údarás na Gaeltachta Na Forbacha Co. na Gaillimhe
Waterways Ireland	www.waterwaysireland.org	Waterways Ireland 2 Sligo Road Enniskillen, BT74 7JY Co. Fermanagh Northern Ireland

**Appendix 3:
EXPENDITURE**

SUBHEAD	OUTTURN FOR 2016 ADMINISTRATION	OUTTURN €'000
X.1	Salaries, Wages and Allowances	31,175
X.2	Travel and Subsistence	1,196
X.3	Training and Development and Incidental Expenses	845
X.4	Postal and Telecommunications Services	473
X.5	Office Equipment and External IT Services	1,811
X.6	Office Premises Expenses	726
X.7	Consultancy Services and Value for Money and Policy Reviews	3
	TOTAL	36,229
ARTS, CULTURE & FILM		
A.1	Administration – Pay	5,709
A.2	Administration – Non-Pay	1,063
A.3	Payments to match resources generated by the National Archives	40
A.4	General Expenses of the National Archives and National Archives Advisory Council	1,274
A.5	General Expenses of the Irish Museum of Modern Art, Chester Beatty Library, National Concert Hall and the Crawford Gallery	10,876
A.6	Regional Museums, Galleries, Cultural Centres and Projects	2,925
A.7	Cultural Infrastructure and Development	15,352
A.8	Culture Ireland	5,496
A.9	An Chomhairle Ealaíon (Part Funded by National Lottery)	60,120
A.10	General Expenses of the National Museum of Ireland	12,120
A.11	General Expenses of the National Library of Ireland	6,944
A.12	Irish Film Board	15,571
A.13	General Expenses of the National Gallery of Ireland	7,636
A.14	National City of Culture	0
A.15	Decade of Centenaries 1912-1922	28,374
A.16	Cork Event Centre	0
	TOTAL	173,499
HERITAGE		
B.1	Administration – Pay	18,514
B.2	Administration – Non-Pay	1,590
B.3	Grant of An Chomhairle Oidreachta (Heritage Council) (part funded by National Lottery)	5,243
B.4	Built Heritage	2,402
B.5	Natural Heritage (National Parks and Wildlife Service)	17,074
B.6	Irish Heritage Trust	324
B.7	Built Heritage Jobs Leverage Scheme	2,102
B.8	Peatlands Restoration	800
	TOTAL	48,049

GAELTACHT

C.1	Administration – Pay	2,949
C.2	Administration – Non-Pay	789
C.3	Gaeltacht Support Schemes	8,292
C.4	Irish Language Support Schemes (Part Funded by National Lottery)	3,594
C.5	An Coimisinéir Teanga	639
C.6	Údarás na Gaeltachta – Administration	8,823
C.7	Údarás na Gaeltachta – Current Programme Expenditure	3,000
C.8	Údarás na Gaeltachta – Grants for Projects and Capital Expenditure on Premises	9,087
C.9	Islands	13,274
C.10	20 Year Strategy for the Irish Language - 2010-2030	999
C.11	Decade of Centenaries – Teach an Phiarsaigh	1,900
	TOTAL	53,346

NORTH-SOUTH CO-OPERATION

D.1	Administration – Pay	1,058
D.2	Administration – Non-Pay	683
D.3	An Foras Teanga	13,249
D.4	Waterways Ireland	26,567
	TOTAL	41,557

REGIONAL DEVELOPMENT AND RURAL AFFAIRS

E.1	Administration – Pay	2,947
E.2	Administration – Non-Pay	929
E.3	Dormant Accounts Measures	432
E.4	Western Development Commission	1,639
E.5	National Rural Development Schemes	24,794
E.6	Leader – Rural Economy Sub Programme	9,989
E.7	Tidy Towns Competition	1
E.8	Town and Village Regeneration	9,880
E.9	Rural Broadband, Post offices and Regional Economic Development	1,089
	TOTAL	51,699

GROSS EXPENDITURE TOTAL	368,150
APPROPRIATIONS-IN-AID	(8,620)
NET EXPENDITURE TOTAL	359,530



An Roinn
Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

Department of
Culture, Heritage and the Gaeltacht

Tuarascáil Bhliantúil 2016



Misean agus Sainordú	3
Focal ón Aire	4
Focal ón Ard-Rúnaí	5
Spriocanna agus Straitéisí	6
Dul Chun Cinn in 2016	
Sprioc 1: Na hEalaíona, Cultúr, Scannán agus Ceol	7
Sprioc 2: Oidhreacht Thógtha agus Nádúrtha	15
Sprioc 3: An Ghaeilge, an Ghaeltacht agus na hOileáin	28
Sprioc 4: Comhoibriú Thuaidh Theas	33
Sprioc 5: Gnóthaí Réigiúnacha agus Tuaithe	37
Gnóthaí Corparáideacha	43
Aguisín 1 – Clár an Rialtais – Gealltanais a bhaineann leis an An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta	44
Aguisín 2 – Gníomhaireachtaí agus Comhlachtaí a Mhaoinítear as Grúpa Vótaí na Roinne	51
Aguisín 3 – An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta – Caiteachas in 2016	53

Misean agus Sainordú

Déanann an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta maoirseacht ar chosaint agus ar chur i láthair oidhreacht agus chultúr na hÉireann. Is iad ár spriocanna oidhreacht agus cultúr na hÉireann a chosaint agus a chur chun cinn, úsáid na Gaeilge a bhrú chun cinn agus tacú le forbairt inbhuanaithe na n-oileán.

Is iad seo a leanas na príomhfheidhmeanna atá faoina cúram:

- Na hEalaíona, Cultúr, Scannán agus Ceol, chomh maith le maoirseacht ar Fhorais Chultúir na hÉireann;
- Oidhreacht Thógtha agus Nádúrtha na hÉireann;
- An Ghaeilge, an Ghaeltacht agus na hOileáin; agus
- Comhoibriú Thuaidh/Theas a mhéid is a bhaineann sé le hUiscebhealaí Éireann, An Foras Teanga agus feidhmeanna ginearálta na Roinne.

Chomh maith leis an luach ollmhór a bhaineann leo, is áis luachmhar iad ár dteanga, ár gcultúr agus ár n-oidhreacht do ghnó agus do thurasóireacht agus mar bhealach chun tacú le forbairt gheilleagrach agus Éire a chur chun cinn mar cheann scríbe tarraingteach d'infheistíocht inbhuanaithe isteach. Ó bunaíodh é sa bhliain 2011, tá an Roinn ag féachaint leis na sócmhainní seo a chothú tuilleadh d'fhonn iad a fhorbairt agus a chothabháil do na glúnta atá le teacht, agus cur lena gcumas fás agus fostaíocht inbhuanaithe a chruthú sa gheilleagar i gcoitinne.

In 2016 sannadh freagracht ar an Roinn freisin as sraith gníomhartha faoi Chlár an Rialtais a ceapadh chun forbairt chomhtháite tuaithe a éascú ag leibhéal áitiúil agus fás phobail bheoga, inbhuanaithe agus chuimsitheacha a chothú. Tugtar aghaidh ar na hábhair sin freisin sa Straitéis seo. Cé go bhfuil cuid mhór ar bun cheana le tacú le forbairt tuaithe trí straitéisí éagsúla Rialtais, cuirtear cur chuige feiceálach, comhtháite, comhordaithe ar fáil den chéad uair, ar fud an Rialtais, leis an bPlean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe a foilsíodh in Eanáir 2017 i leith chur i bhfeidhm polasaithe eacnamaíocha agus sóisialta a imríonn tionchar ar phobail tuaithe. Beidh sé mar struchtúr uileghabhálach do chomhordú agus cur chun feidhme tionscnamh a théann chun leasa na gceantar tuaithe in Éirinn.

Tá an Roinn tar éis bheith ag obair le gach páirtí leasmhara agus gach páirtí ábhartha, in éineacht lenár gcomhpháirtithe san earnáil phoiblí, leis na cuspóirí sin a bhaint amach trí pholasaithe agus cláir den scoth a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm d'fhonn cultúr, teanga agus oidhreacht uathúil na hÉireann a chaomhnú, a chosaint agus a chur ar taispeáint.

Focal ón Aire

Ba mhór an onóir dom é a bheith ceaptha mar Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ag an Taoiseach, Leo Varadkar, T.D. i mí na Nollag 2017. Is cúis áthais dom anois, áfach, an tuarascáil seo a thabhairt i láthair ina bhféachtar siar ar 2016 – bliain a raibh éachtaí áirithe agus suntasacha bainte amach don Roinn.

Faoi mhaoirseacht an Aire Heather Humphreys, T.D., agus an tArd-Rúnaí Joe Hamill (a d'imigh ar scor go luath in 2017), bhí an Roinn i gceannas ar eagrú an Chláir Chomórtha Céad Bliain a spreag ábhar spéise áirithe ar fud na tíre.

Chomh maith leis seo, leanadh leis an obair thábhachtach atá againn ár nOidhrecht Thógtha agus Nádúrtha a chaomhnú agus tacú leis na hEalaíona. Faoi mhaoirseacht na nAirí Stáit, Seán Kyne, T.D., agus a réamhtheachtaí Joe McHugh, T.D., rinneadh dul chun cinn suntasach i dtaca leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, agus faoi mhaoirseacht Michael Ring, T.D., tugadh chun tosaigh forbairt an Phlean Ghníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe ar bhealach eiseamláireach.

Is léiriú é an tuarascáil seo ar éagsúlacht oibre na Roinne seo agus tiomantas a chuid ball foirne araon torthaí a sheachadadh thar réimse a chuid cúraimí. Tréasláim leo siúd uile a chur le hobair na Roinne in 2016. Tá mé féin agus mo chomhghleacaí, Joe McHugh, T.D., ag súil le bheith ag obair leis an Ard-Rúnaí agus le foireann na Roinne chun leanúint leis an tsraith éachtaí seo sa bhliain romhainn.



Josepha Madigan T.D.

Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

Focal ón Ard-Rúnaí

Tréimhse go speisialta gnóthach agus dúshlánach don Roinn í bliain comórtha 2016, agus tá áthas orm aitheantas a thabhairt d’obair na gcomhghleacaithe ar fud na Roinne uile a chur leis an gceiliúradh comórtha ar bhealach a bhí chomh soiléir agus luachmhar, agus aitheantas don chur chun cinn agus caomhnú leanúnach ar ár gcultúr, oidhreacht agus teanga uathúil i rith na bliana.


Agus mé tagtha chun na Roinne go luath in 2017, ba mhaith liom mo bhuíochas a léiriú d’obair mo chuid comhghleacaithe, idir iar-chomhghleacaithe agus chomhghleacaithe reatha, as ucht an ionchur rathúil a bhí acu i mbliain stairiúil. Thug Joe Hamill agus a fhoireann tacaíocht den scoth don Aire Humphreys agus dá hAirí Stáit agus iad ag déanamh soláthair thar réimse iomlán gníomhaíochtaí na Roinne in 2016.

Ba é buaicphointe na bliana gan dabht an obair a raibh faoi cheannas ag Oifig Tionscadail 2016, i gcomhar le comhghleacaithe in Oifig Oifig na nOibreacha Poiblí, i Roinn an Taoisigh, sa Roinn Cosanta agus sna Fórsaí Cosanta, agus i Ranna eile Rialtais. Bhí sé mar thoradh air seo gur ceiliúradh dearfach agus cuimsitheach a bhí ann ar an mbliain stairiúil seo. Ghlac baill foirne ar fud na Roinne páirt i réimse imeachtaí, agus ní amháin gur chothaigh siad meoin láidir bróid phobail agus náisiúnta, ach chuir cumas agus díograis ár seirbhíseach poiblí os comhair an phobail.

Mar a d’fheicfí le fiú sracfhéachaint ar an Tuarascáil seo, tá cúram leathan agus dúshlánach ag an Roinn seo a bhfuil tionchar aige ar shaoránaigh ar fud na tíre agus níos faide i gcéin agus muid ag déanamh teagmhála lenár ndiaspóra trí réimse tionscnamh i dtaca leis na healaíona, an cultúr, an Ghaeilge, agus trínár n-ionchur do chaomhnú ár n-oidhreachta saibhre.

Sa bhliain atá faoi athbhreithniú, rinneadh athrú suntasach ar ról na Roinne agus glacadh le freagrachtaí nua as an bhForbairt Tuaithe – atá sannta anois don Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Chuaigh an ghairmiúlacht agus díograis lena ghlac bainisteoirí agus baill foirne i leith na ndúshlán seo i bhfeidhm orm, agus ba mhaith liom mo dheaghúil don am romhainn a thabhairt dóibh siúd a d’imigh ar aghaidh chun obair sa Roinn nua.

Deirtear go mbíonn cúrsaí ag síorathrú anois, agus is mar sin a bhí sé don Roinn in 2016, mar atá curtha síos sa tuarascáil seo. Tá mé ag súil le bheith ag obair leis an Aire Madigan, leis an Aire Stáit McHugh, agus le comhghleacaithe ar fud na Roinne agus muid féachaint le tógáil ar na tionscnaimh a cuireadh i gcrích in 2016 agus níos faide romhainn amach.



Katherine Licken
Ard-Rúnaí

Spríocanna agus Straitéisí

Tá baint ag an Roinn le réimse leathan gníomhaíochtaí agus soláthar seirbhíse. Ar mhaithe le críocha na Tuarascála Bhlantúla seo, tá obair na Roinne grúpáilte i gceithre phríomhearnáil, mar atá leagtha amach thíos.

Is iad na ceithre hearnáil, i dteannta na spríocanna atá sainaitheanta do gach aon cheann acu:

Na hEalaíona, Cultúr, Ceol agus Scannán

Spríoc 1: Láidreachtaí ealaíonta agus cruthaitheacha na hÉireann a fhorbairt, a chur chun cinn agus a cheiliúradh sa bhaile agus thar lear, agus a mhéid is féidir a bhaint as a bhfiúntas do shochaí, do gheilleagar agus do chlú na tíre.

Oidhreacht Thógtha agus Nádúrtha

Spríoc 2: Ár n-oidhreacht uathúil a chaomhnú agus a bhainistiú ar mhaithe leis na glúine reatha agus leis na glúine atá le teacht, mar thaca d'athnuachan geilleagrach agus d'fhostaíocht inbhuanaithe, agus faoi réir oibleagáidí dlíthiúla.

An Ghaeilge, an Ghaeltacht agus na hOileáin

Spríoc 3: Tacú leis an nGaeilge, úsáid na teanga mar phríomhtheanga an phobail sa Ghaeltacht a threisiú agus cuidiú le forbairt inbhuanaithe phobail na n-oileán.

Comhoibriú Thuaidh-Theas

Spríoc 4: Comhoibriú Thuaidh Theas a chur chun cinn, go háirithe i gcomhthéacs an Fhorais Teanga agus Uiscebhealaí Éireann.

Gnóthaí Réigiúnacha agus Tuaithe

Spríoc 5: Dul chun cinn fadtéarmach inbhuanaithe eacnamaíoch agus sóisialta a chur chun cinn agus a éascú ar fud na tuaithe in Éirinn.

Dul chun cinn le linn 2016 – Sprioc 1: Na hEalaíona, Cultúr, Ceol agus Scannán

Láidreachtaí ealaíonta agus cruthaitheacha na hÉireann a fhorbairt agus a chur chun cinn sa bhaile agus thar lear, agus a mhéid is féidir a bhaint as a bhfiúntas do shochaí, do gheilleagar agus do chluí na tíre.

Straitéis 1:

Polasaí Cultúir Náisiúta - *‘Éire Ildánach’* - a fhorbairt chomh maith le próiseas chun tacú le cur i bhfeidhm an pholasaí i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha.

I mí Iúil 2016 cuireadh *Culture 2025/Éire Ildánach* faoi bhráid an Rialtais. Is é seo an chéad Pholasaí Cultúir Náisiúnta in Éirinn, ina leagtar amach aidhmeanna ardleibhéil do na deich mbliana amach romhainn agus forbraíodh é i ndiaidh próiseas fairsing comhairliúcháin le páirtithe leasmhara ar fud na tíre.

I mí na Nollag 2016 seoladh Clár Éire Ildánach mar an phríomh-mheán forfheidhmithe do na tosaíochtaí a sainithníodh in *Culture 2025 / Éire Ildánach* agus mar Chlár Iarmhartach an Rialtais ag eascairt as Éire 2016: Clár Comórtha Céad Bliain.

Is tionscnamh ardleibhéil uailmhianach 5 bliana é Clár Éire Ildánach a chlúdaíonn na blianta ó 2017 go 2022, (an phrapáil le haghaidh comóradh céad bliain bhunú an Stáit) a bhfuil sé mar aidhm leis an chruthaitheacht a chur ag croílár pholasaí poiblí. Tá sé mar aidhm leis an chruthaitheacht a chur i mbéal an phobail agus í a bheith ina gnáthchuid de shaol an náisiúin ionas go mbeidh daoine in ann barr a gcumais chruthaithigh a bhaint amach, go haonarach agus i gcomhar lena chéile.

Straitéis 2:

Caomhnú agus feabhsú na mbailiúchán náisiúnta agus na gclár taispeántais agus soláthar tacaíochta do thionscnaimh réigiúnacha agus áitiúla i gcomhar leis na hInstitiúidí Cultúrtha Náisiúnta agus le geallsealbhóirí eile.

Tá ról lárnach i gcónaí ag na Forais Chultúir Náisiúnta i bhforbairt ealaíona agus cultúr na hÉireann. Tá ról lárnach acu freisin maidir lena chinntiú go bhfuil teacht ag an bpobal ar na healaíona agus ar an gcultúr in Éirinn.

Thug beagnach 4.9 milliún duine cuairt ar na Forais Chultúir Náisiúnta in 2016. Is ionann an figiúr sin agus méadú de 6.4% ar fhigiúirí 2016 de bheagán os cionn 4.5 milliún agus is féidir comparáid dhearfach a dhéanamh idir ár bhForais Chultúir agus á leithéidí ar fud an domhain.

Roinnt buaicphointí ó na hInstitiúidí in 2016

Ag suíomh **Ard-Mhúsaem na hÉireann (NMI)** ag Dún Uí Choileáin rinneadh an taispeántas *Soldiers and Chiefs – The Irish at War at Home and Abroad from 1550 to the present day* a chur i láthair, ina raibh gné ar líne freisin agus taispeántas tábhachtach 1916 dar teideal *Proclaiming a Republic: The 1916 Rising*. Chuir an NMI tús freisin le hobair ar phlean mór forbartha atá le críochnú in 207.

Rinne an **Leabharlann Náisiúnta** dul chun cinn ar a plean infheistíochta caipitil agus d'fhógair an tAire infheistiú caipitil de €10m do na háitribh stairiúla ar Shráid Chill Dara. Cabhróidh an plean infheistíochta seo áis den chéad scoth a dhéanamh den Leabharlann le cuid dár gcáipéisí stairiúla is tábhachtaí a stóráil agus a chur ar taispeáint. Cuireadh maoiniú ar fáil le hábhar de chuid W. B. Yeats a cheannach don Leabharlann Náisiúnta.

I n**Gailearaí Náisiúnta na hÉireann** leanadh ar aghaidh le hobair ar an mórthionscadal athchóirithe i sciatháin stairiúla Bhaile an Mhuilinn agus Dargan sa Ghailearaí, obair a cuireadh i gcrích in 2017. Le linn an tsamhraidh osclaíodh taispeántas de dheich gcinn de na líníochtaí is fearr de chuid Leonardo da Vinci (1452-1519), as an mBailiúchán Ríoga.

Sa **Cheoláras Náisiúnta**, d'oscail an Taoiseach Seomra Ceadail stairiúil nuachóirithe Kevin Barry in Aibreán 2016. Rinneadh Seomraí Kevin Barry a athchóiriú mar cheann de na naoi 'Meabhrúcháin Bhuna' atá á bhforbairt in áiteanna a bhfuil suntas stairiúil ag baint leo, mar chuid d'Éire 2016: Clár Comórtha Céad Bliain an Rialtais.

Rinne **Áras Nua-Ealaíne na hÉireann** an taispeántas *IMMA Collection: Freud Project* a óstáil. Is bailiúchán é an taispeántas seo, a osclaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2016, de 50 saothar leis an bpéintéir réalaióch iontach Lucian Freud, duine de na péintéirí réalaiócha is fearr den 20ú haois agus thug sé deis nua do IMMA, áit nár tiomnaíodh gailearaithe do shaothair ná ealaíontóirí sonracha roimhe do thréimhse den fhad sin.

Baineadh forbairtí agus éachtaí suntasacha eile amach le linn 2016 freisin, lena n-áirítear:

- Maoiniú a leithdháileadh faoi Scéim na Músaem Áitiúil agus Réigiúnach do 19 dtionscadal ar leithligh a chlúdaigh raon leathan ó uasghrádú an spáis taispeántais in Ionad James Joyce go Caomhnú Léarscáileanna Chaisleán Leslie i Músaem Chontae Mhuineacháin.
- Ba é téama 2016 don chúigiú bliain den Tionscnamh um Cheiliúradh Idirnáisiúnta ar Chultúr na hÉireann, a tharla thar cheithre lá i gcomhthráth le Lá Fhéile Pádraig, ná Is Breá Liom mo Chathair.
- Seoladh taifid stairiúla Breitheanna, Póstaí agus Básanna ar an suíomh gréasáin www.irishgenealogy.ie i mí Mheán Fómhair 2016. Chuir an Phríomh-Oifig Clárúcháin (POC) taifid leictreonacha de Bhreithneanna, Póstaí agus Básanna

stairiúla (i.e. taifid bhreithe a bhí níos mó ná 100 bliain d'aois agus taifid bháis a bhí níos mó ná 50 bliain d'aois) ar fáil don Roinn ionas go bhféadfaí iad a chur ar www.irishgenealogy.ie. Tá níos mó ná 2.3 milliún amas faighte ag an suíomh gréasáin seo idir Meán Fómhair 2016 agus Nollaig 2017. Is comhthionscadal é seo leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Phríomh-Oifig Chlárúcháin.

- I mí Dheireadh Fómhair 2016 fógraíodh go raibh mórthaispeántas idirnáisiúnta á fhorbairt le saol agus sathaor bhuaiteoir an duais Nobel, Seamus Heaney, a cheiliúradh san Ionad nua Cultúir agus Oidhreachta i gcoimpléasc Bhanc na hÉireann ar Fhaiche an Choláiste. Is é taispeántas Heaney, atá á fhorbairt ag an Leabharlann Náisiúnta le tacú ón Roinn, an chéad taispeántas a bheidh san Ionad nua agus tá sé le hoscailt i lár 2018.

Straitéis 3:

Forbairt leanúnach an tionscnaimh 'Na hEalaíona san Oideachas'.

Leanadh ar aghaidh in 2016 le cur i gcrích rathúil Chairt na nEalaíon san Oideachas, forbartha ag an Roinn agus an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá ról ríthábhachtach ag an gCairt i gcur chun cinn an Oideachais Ealaíon agus i gcur chun cinn na nEalaíon san Oideachas trí chur chuige comhoibríoch ar fud na Ranna Rialtais, na ngníomhaireachtaí oideachais agus na n-eagraíochtaí ealaíon. Cuirfidh tairseach na nEalaíon san Oideachas www.artsineducation.ie, a bhfuil tacaíocht á fáil aici ón dá Roinn, deis úrnua ar fáil do dhaoine óga agus do gach grúpa leasmhar eile páirt tháirgiúil a ghlacadh sna healaíona san oideachas in Éirinn.

Straitéis 4:

Forbairt leanúnach bhonneagar ealaíon agus cultúir na hÉireann, de réir mar atá acmhainní ar fáil.

I mí Eanáir 2016 d'fhógair an tAire níos mó ná €400,000 de mhaoiniú d'eagraíochtaí ealaíon ar fud na tíre faoin Scéim um Dheontais Chaipitil Bheaga. Fuarthas níos mó ná 180 iarratas agus bronnadh suas go €10,000 ar níos mó ná 60 eagraíocht, le haghaidh tionscadail nuálacha agus chruthaitheacha lena gcur i gcrích a fheabhsú ó thaobh ealaíona agus cultúr a chur ar fáil ina bpobail.

I mí Iúil, d'fhógair an tAire scéim infheistíochta nua de luach €9 milliún d'ionaid ealaíon agus cultúir mar chuid de Chreat Infheistíochta Caipitil an Rialtais 2016-2021. Tá an scéim á reáchtáil thar thréimhse trí bliana agus tá sí dírithe ar uasghrádú a dhéanamh ar na hionaid ealaíon agus cultúir atá ar fud na tíre cheana. Tá an maoiniú á chur ar fáil.

I measc maoiniú suntasach eile a bronnadh le linn 2016 bhí €475,000 d'Amharclann na Mainistreach lena n-áiseanna a uasghrádú agus a chothabháil.

Straitéis 5:

Forbairt agus leathnú na hearnála léiriúcháin scannán, teilifíse agus beochana.

Ba bhliain shuntasach í 2016 don tionscal scannánaíochta in Éirinn, agus scaoileadh roinnt scannáin thábhachtacha Éireannacha. Ag searmanas na ngradam Oscar i mí Feabhra bhuaigh scannán Benjamin Cleary, *Stutterer*, an duais don Ghearrscannán Beoghnímh is Fearr, rud a chuireann leis an liosta iontach duaiseanna atá faighte ag an scannán seo. Tugadh aitheantas don scannán *Room* freisin, nuair a bronnadh an duais don Aisteoir Mná is Fearr ar Brie Larson.

Ar an iomlán, fuair léiriúcháin a fuair tacaíocht ó Bhord Scannán na hÉireann seacht n-ainmniúchán lenar áiríodh ainmniúchán Lenny Abrahamson don Stiúrthóir is Fearr agus Emma Donoghue don Script Oiriúnaithe Scannáin is Fearr, an dá cheann acu do *Room*. Ainmníodh *Room* agus *Brooklyn* araon i gcatagóir an Scannáin is Fearr; ainmníodh Brie Larson as *Room* agus Saoirse Ronan as *Brooklyn* sa chatagóir don Aisteoir Mná is Fearr i bPríomhról.

Ainmníodh Michael Fassbender freisin sa chatagóir don Aisteoir is Fearr i bPríomhról as a thaibhiú i scannán Danny Boyle, *Steve Jobs*, agus bhí *Star Wars: The Force Awakens*, ar taifeadadh cuid de ar Sceilg Mhicíl i gCo. Chiarraí, ainmnithe i 5 chatagóir.

In 2016, ceadaíodh 76 tionscadal san iomlán do mhaoiniú faoi Scéim Alt 481 lena ndéantar foráil d'fhaoiseamh cánach corparáide d'infheistíocht i scannáin ag comhlachtaí.

I mí Iúil, d'fhógair an tAire go raibh Conradh nua Comhléiriúcháin Chlosamhairc sínithe idir Éirinn agus Ceanada le teacht in áit Chonradh Comhléiriúcháin 1989 agus le feabhas a chur ar shocruithe do scannáin, do dhrámaí teilifíse agus do chláir faisnéise a chomhléirítear ag comhlachtaí léiriúcháin Éireannacha agus Ceanadacha.

I mí na Nollag, d'fhógair an tAire go raibh anailís eacnamaíoch ar ár dtionscail chruthaitheacha scannán-bhunaithe á choimisiúnú. Féachfar sa staidéar ar thionchar agus acmhainneacht eacnamaíoch earnáil scannánaíochta, teilifíse agus beochana na hÉireann.

Straitéis 6:

Tacú le láithreachtaid idirnáisiúnta ealaíontóirí Éireannacha agus lucht leanúna nua a fhorbairt ar fud an domhain, ag leabú an cultúr i straitéis chur i láthair idirnáisiúnta an Rialtais.

Le linn 2016, thacaigh Cultúr Éireann le 450 tionscadal ealaíonta ar fud 60 tír, a bhain lucht féachana beo de 4.5 milliún duine amach, chomh maith le 15.5 milliún duine ar líne/ar an teilifís. I measc na dtionscadal ealaíonta sin bhí 100 féile, níos mó ná 80 camchuart amharclannaíochta/ceoil, 80 taispeántas agus aonach ealaíne agus 123 taispeántas scannáin, Chruthaigh Cultúr Éireann deiseanna agus conarthaí nua

d'ealaíontóirí Éireannacha trína thacaíocht do 160 tionscnóir ionaid agus féile le cuairt a thabhairt agus blaiseadh a fháil d'ealaíontóirí Éireannacha ag cur a gcuid saothar i láthair ag féilte in Éirinn.

Chuir Cultúr Éireann Clár speisialta Comórtha Céad Bliain dar teideal *Mise Éire* i láthair ar fud an domhain, le fócas faoi leith ar chríocha tábhachtacha - na Stáit Aontaithe, an Bhreatain Mhór, Ceanada agus an Astráil. I measc na mbuaicphointí bhí dhá imeacht i Londain i mí Aibreáin: *Imagining Ireland*, ceiliúradh ceoil ar ealaíontóirí na hÉireann, as Éirinn agus an Bhreatain, sa Royal Festival Hall; agus ceolchoirm sa Wigmore Hall ina raibh cuid mhór de na ceoltóirí clasaiceacha is fearr in Éirinn, rud a craoladh beo ar BBC Radio 3 agus ar RTÉ Lyric FM. Cuireadh tús i Mí na Bealtaine le *Ireland 100*, féile speisialta trí seachtaine d'ealaíona agus cultúr na hÉireann ag an Kennedy Center, Washington D.C.

Ar bhuaicphointí eile na bliana do Chultúr Éireann bhí:

- Ceangal, taibhiú speisialta ina raibh ealaíontóirí Éireannacha agus Albanacha páirteach sa Royal Concert Hall i nGlaschú i láthair an Uachtarán Uí Uiginn agus Chéad-Aire na hAlban i Mí an Mheithimh 2016.
- Aistriú nócha a naoi leabhar Éireannacha go teangacha iasachta lena n-áirítear *The Insurrection in Dublin* le James Stephens go Spáinnis, Beangáilis agus Tamailis; *The Guns of Easter* le Gerard Whelan go Beangáilis agus *Fallen* le Lia Mills go Tamailis, le Cuimhneachán Céad Bliain 1916 a chomóradh.
- Cuireadh léiriú Michael Keegan-Dolan de *Swan Lake/Loch na hEala* ar an stáitse ag Sadler's Wells i Londain ó mhí na Nollag sular tugadh ar camchuart domhanda é ón Eoraip go dtín Astráil.
- Ag Gradaim an Great Escape Festival in Brighton, bronnadh an gradam Best City Champion ar fhéile Hard Working Class Heroes Bhaile Átha Cliath, agus fuair Music from Ireland, a chuireann First Music Contact i láthair i gcomhpháirtíocht le Cultúr Éireann, an Best Export Office.

Rinneadh taispeántas na hÉireann ag an 15ú Biennale Ailtireachta Idirnáisiúnta, *Losing Myself*, a sheoladh sa Veinéis i Mí na Bealtaine. Díriodh *Losing Myself*, a bhí coimisiúnaithe agus curtha le chéile ag Niall McLaughlin agus Yeoryia Manolopoulou, ar ghalar Alzheimer agus rinneadh teagmháil le lucht féachana trí shuíomh gréasáin.

Straitéis 7:

Forbairt agus cur i gcrích chlár comórtha an Rialtais a stiúradh, le béim faoi leith ar *Éire 2016*, tionscnamh náisiúnta agus idirnáisiúnta le 100 bliain ó Éirí Amach 1916 a chomóradh.

Éire 2016

Rinneadh Clár Cuimhneacháin Éire 2016 a chomóradh le searmanais oifigiúla agus na céadta tionscnamh áitiúil. Tháinig níos mó ná aon mhilliún duine le chéile ar shráideanna Bhaile Átha Cliath thar dheireadh seachtaine na Cásca, mar chuid de cheiliúradh agus comóradh iontach. Leanadh leis an rannpháirtíocht seo ó shaoránaigh ar feadh na bliana 2016 ag searmanais ardaithe brataí, gníomhaíochtaí do Lá an Fhorógra sna scoileanna agus raon imeachtaí comhroinnte pobail, staire agus cultúir, agus rinneadh níos mó ná 3,500 imeacht a reáchtáil sa bhaile agus thar lear.

Rinneadh níos mó ná 60 searmanas stáit a reáchtáil le linn na bliana. D'oibrigh an Roinn go dlúth le príomhpháirtithe leasmhara ar nós Roinn an Taoisigh, an Roinn Cosanta, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, an Roinn Oideachais agus Scileanna, Oifig na nOibreacha Poiblí, Óglaigh na hÉireann, An Garda Síochána, agus Údaráis Áitiúla leis an gclár uaimhianach imeachtaí seo a chur i gcrích.

Ar bhuaicphointí eile na bliana:

- Bhronn ionadaithe do na hÓglaigh cóip den Fhorógra agus den Bhratach Náisiúnta ar gach bunscoil sa tír
- Rinne leanaí agus mic léinn níos mó ná 1,000 Forógra do Ghlúin Nua a uaslódáil ar an suíomh gréasáin Scoilnet (www.scoilnet.ie).
- Searmanais Stáit do leanaí, ina ndearnadh comóradh ar na páistí a fuair bás le linn an Éirí Amach;
- Searmanas sa Ghairdín Cuimhneacháin dóibh siúd a thug a mbeatha ar mhaithe le Saoirse na hÉireann;
- Rinneadh níos mó ná 2,500 searmanas speisialta a reáchtáil ar fud na tíre agus chuir gach ceann den 31 údarás áitiúil a bPlean Contae féin le chéile do Chomóradh Céad Bliain Éire 2016;
- Rinneadh na céadta míle acmhainn staire a chur i gcartlann agus a chur ar fáil don phobal den chéad uair mar chuid de mhórtionscnaimh dhigiteacha sa Leabharlann Náisiúnta, sa Chartlann Mhíleata agus i dTaisclann Dhigiteach na hÉireann, agus in áiteanna eile nach iad;
- Tá an taispeántas *Proclaiming a Republic – The 1916 Rising* ag Ard-Mhúsaem na hÉireann, Dún Uí Choiléain feicthe ag níos mó ná 390,000 duine ó osclaíodh é i Mí an Mhárta 2016;
- Aithníodh ról lárnach na Gaeilge in idéil na Glúine Réabhlóidí ag searmanas stáit i Músaem na bPiarsach, Ráth Fearnáin;
- Tugadh aitheantas ar ról na mban i 1916 le linn na bliana le taispeántais, cainteanna agus léirithe speisialta, lena áiríodh taispeántas ar camchuart a cuireadh le chéile go speisialta, dar teideal Mná 1916;
- Le clár Chultúr Éireann, *Mise Éire*, cuireadh mórtaispeántas speisialta i láthair le healaíontóirí Éireannacha na linne seo i gCeanada, san Astráil, san RA agus sna Stáit Aontaithe, agus cuireadh na mílte imeacht breise ar siúl ar fud na cruinne faoi stiúir líonra ambasáidí an Rialtais.

Cuimhneacháin Eile

Lean an Roinn ar aghaidh in 2016 le clár imeachtaí machnamhacha cuimhneacháin a

chomhordú, le cuidiú ón Sainghrúpa Comhairleach Staraithe faoi chathaoirleacht an Dr Maurice Manning, do Dheich mBlíana na gCuimhneachán.

An Chéad Chogadh Domhanda

D'fhreastail an tAire ar shraith imeachtaí comórtha sa Fhrainc le céad bliain ó Chath an Somme a chomóradh ar an 1 Iúil 2016, lenar áiríodh fleascleagan ag Cros Ginchy in Guillemont agus freastal ar léiriú speisialta de chuid Amharclann na Mainistreach, le tacaíocht ó Chultúr Éireann, de *Observe the Sons of Ulster Marching Towards the Somme*, ag an Maison de la Culture, Amiens.

Bhí an tAire i láthair ag príomhchuímhneachán Chath an Somme ag Leacht Thiepval, áit a rinne an tUachtarán Micheál D. Ó hUigín ionadaíocht d'Éirinn. Bhí an tAire i láthair mar ionadaí Rialtas na hÉireann ag an searmanas ag Túr Uladh, a tógadh i gcuimhne 36ú Rannán Uladh.

D'fhreastail an tAire freisin ar ócáid bhliantúil Chumann an Somme in Guillemont ar an 3 Meán Fómhair 2016, áit a ndearnadh comóradh ar an méid a rinne an 16ú Rannán Éireannach san fheachtas.

Rinneadh saighdiúirí Éireannacha a fuair bás le linn Chath an Somme a chomóradh sa bhaile freisin. Ar an 1 Iúil, rinneadh searmanas míleata a reáchtáil i bPáirc Cuimhneacháin Náisiúnta an Chogaidh, Droichead na hInse, leis na Reisimintí Éireannacha a throid ag an Somme agus sa Chéad Chogadh Domhanda a onórú. Ag an láthair chéanna ar an Sathairn, an 9 Iúil, bhí cuimhneachán stáit ann i gcomhar leis an Royal British Legion. Bhí an tUachtarán Micheál D. Ó hUigín, an Taoiseach Enda Kenny agus an tAire Heather Humphreys i measc an lucht freastail.

Rinneadh muintir na hÉireann a fuair bás agus iad ag troid ag Gallipoli agus in áiteanna eile le linn an Chéad Chogaidh Domhanda ar fiannas le fórsaí na hAstráile agus na Nua-Shéalainne, a thabhairt chun cuimhne ag searmanas míleata bliantúil i nGráinseach Ghormáin Lá ANZAC (an 25 Aibreán), ag a raibh an tUachtarán i láthair.

Bhí an Taoiseach agus an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ag imeachtaí bliantúla Dhomhnach na gCuimhneachán in Inis Ceithleann agus i mBéal Feirste, faoi seach.

Rinneadh comóradh stáit a reáchtáil ar Fhaiche Stiabhna ar an 9 Meán Fómhair leis an Lt Thomas Kettle a thabhairt chun cuimhne, ar chomóradh céad bliain a bháis. I ndiaidh an tsearmanais seoladh taispeántas dar teideal *Fields of Battle, Lands of Peace: Somme 100"*.

Ar an 13 Samhain, bhí an tAire i gcuideachta Aire Stáit Iarshaighdiúirí agus Cuimhneacháin na Fraince san Aireacht Cosanta, Jean-Marc Todeschini, d'oirniú Leacht Cuimhneacháin na Fraince - na hÉireann i Reilig Ghlas Naíon. Bronnadh an leacht cuimhneacháin mar bhronntanas ar mhuintir na hÉireann ón Fhrainc, mar aitheantas ar dhlúthpháirtíocht agus íobairt go leor de mhuintir an oileáin ar mhaithe le cosaint agus saoirse na Fraince, go háirithe le linn an Chéad Chogaidh Domhanda.

Straitéis 8:

Teagmháil ghníomhach le páirtithe leasmhara ábhartha eile chun tacú le cur i gcrích tráthúil mhórtionscadail chomórtha chaipitil.

Faoin gclár caipitil de thionscadail athchóirithe agus forbartha cuireadh tuairim is €31 milliún de chistiú caipitil ar fáil do líon áirithe mórtionscadal comórtha faoi mhaoirseacht Oifig Éire 2016, rud a chruthaigh oidhreacht fhadtéarmach do chlár comórtha 2016. Áirítear orthu sin:

- ionad cuairteoirí Ard-Oifig an Phoist, Witness History;
- athchóiriú ar pháirteanna sonracha de Dhún Richmond agus cruthú spáis taispeántais agus léirithe, i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath;
- athdheisiú agus athchóiriú an Athenaeum in Inis Córthaidh;
- ionad cultúrtha nua, Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh, in aice le Teach an Phiarsaigh i Ros Muc, Co. na Gaillimhe; agus
- athfhorbairt Sheomraí Kevin Barry sa Cheoláras Náisiúnta.

Ar na hoibreacha caipitil eile a rinneadh mar chuid den Chlár Comórtha Céad Bliain bhí athchóiriú Theach Cúirte Chill Mhaighneann agus a chur in oiriúint mar ionad nua cuairteoirí do Phríosún Chill Mhaighneann agus Cartlann Mhíleata nua a cuireadh ar fáil i nDún Chathail Bhrugha.

Leanadh ar aghaidh freisin leis an obair le 14 Sráid Henrietta a fhorbairt mar Mhúsaem Tionóntáin, i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Cuireadh stad le tionscadal chun Ionad Comórtha 1916 a sholáthar agus an Séadchomhartha Náisiúnta ag 14-17 Sráid an Mhúraigh a athchóiriú mar thoradh ar imeachtaí na hArdchúirte. Bhí tuilleadh oibreacha teoranta d'fhonn na foirgnimh a dhéanamh sábháilte agus a chosaint go dtí go mbeadh toradh ar achomharc an Aire in aghaidh bhreithiúnais na hArdchúirte ar siúl ag deireadh na bliana agus cuireadh i gcrích iad ó sin.

Dul chun cinn le linn 2016 – Sprioc 2: Oidhreacht Thógtha agus Nádúrtha

Ár n-oidhreacht uathúil a chaomhnú agus a bhainistiú ar mhaithe leis na glúine reatha agus leis na glúine atá le teacht, mar thaca d'athnuachan geilleagrach agus d'fhostaíocht inbhuanaithe, agus faoi réir oibleagáidí dlíthiúla.

Straitéis 1:

Cinntiú go bhfuil sraith polasaithe agus reachtaíocht i bhfeidhm ag Éirinn le riachtanais nua-aimseartha a chomhlíonadh chomh maith le hoibleagáidí oidhreachta an AE agus oibleagáidí oidhreachta idirnáisiúnta.

Oidhreacht Nádúrtha

Bainistiú Talamh Portaigh

Foilsíodh an chéad Straitéis Náisiúnta Tailte Móna i mí an Mheithimh 2016. Tháinig Grúpa Forfheidhmithe na Straitéise Tailte Móna le chéile faoi dhó le linn 2016. Seolfar an chéad tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na straitéise chuig an Rialtas in 2017. Rinneadh dul chun cinn ar an bPlean Náisiúnta Bainistíochta um Limistéirí faoi Chaomhnú Speisialta ar Phortaigh Ardaithe 2017-2022 agus foilsíodh é. Ag eascairt as an Athbhreithniú ar Líonra Limistéar Oidhreachta Nádúrtha na bPortach Ardaithe in 2014, rinneadh an Bille um Fhiadhúlra (Leasú) 2016 a fhoilsiú ar an 22 Iúil 2016 agus tá sé á chur a ghaoidh trí Thithe an Oireachtais faoi láthair.

Eolaíocht agus Bithéagsúlacht

Foilsíodh cuspóirí caomhantais suíomhoiriúnaithe mionsonraithe do 55 suíomh Natura in 2016. Áiríodh orthu sin LCSanna atá roghnaithe do ghnáthóga ar phortaigh ardaithe, ar bhratphortaigh agus ar an gcósta. Bhí obair ar chuspóirí caomhantais do 55 LCS breise ar siúl faoi dheireadh na bliana.

Rinneadh dul chun cinn freisin ar dhréacht-reachtaíocht nua maidir le Speicis Choimhthíocha Ionracha (IAS) a chomhlíonfaidh oibleagáidí AE agus a rachaidh i ngleic go cuimsitheach le IAS go ginearálta agus sa chomhthéacs náisiúnta freisin.

Rinneadh Plean Gníomhaíochta nua um Bithéagsúlacht Náisiúnta (2017-2021) a dhréachtú agus a thabhairt go céim comhairliúcháin phoiblí. Leagtar amach sa phlean raon cuspóirí le dúshlán bithéagsúlachta na hÉireann a shárú chomh maith lena hoibleagáidí idirnáisiúnta thar shaolré an Phlean agus foilsíodh é in 2017.

Polasaí Oidhreachta Tógtha agus Ailtireachta

An Bille Oidhreachta 2016

Tugadh isteach an Bille Oidhreachta 2016 sa Seanad agus tugadh go céim an choiste é. I gceist leis an mBille tá leasú ar Acht na gCanálacha 1986, ar na hAchtanna um Fhiadhúlra agus ar an Acht Oidhreachta 1995. D'éascair na leasuithe ar an Acht Oidhreachta 1995 as moltaí Thuarascáil an Athbhreithnithe Chriticiúil ar an gComhairle Oidhreachta, a cheadaigh an Rialtas in 2013.

Clár Forfheidhmithe Pholasaí an Rialtais ar Ailtireacht

Foilsíodh Tuarascálacha Bliantúla Pholasaí an Rialtais ar Ailtireacht do 2013-2016 agus lean an Roinn lena hinfheistiú i dtionscnamh deontas tacaíoch le gníomhartha leanúnacha laistigh den pholasaí a thabhairt chun críche.

An Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha

Seoladh an Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha i Mí na Bealtaine 2016. Tugadh faoin obair thosaigh ar Mheasúnú ar Nádúr an Tírdhreacha Náisiúnta, ar phríomhghníomh é de chuid na Straitéise, mar aon le gníomhartha tacaíoch maidir le hoideachas agus feasacht.

Tithe Stairiúla

Foilsíodh an Plean Gníomhaíochta do Thithe Stairiúla faoi Úinéireacht Phríobháideach i Mí na Samhna 2015. Ag eascairt ón Phlean, cuireadh €86,550 de Mhaoiniú do Struchtúir i mBaol ar fáil le haghaidh oibreacha ar 11 Teach Stairiúil agus ullmhaíodh páipéar comhairliúcháin phoiblí ar Alt 482 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 i gcomhar leis an Roinn Airgeadais.

Síníodh Comhaontuithe Seirbhíse idir an Roinn agus an Comhairle Oidhreachta agus Cumann Tithe Stairiúla na hÉireann.

Clár Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (NIAH)

Mar chuid de Chlár Comórtha Céad Bliain 1916, d'fhoilsigh an NIAH ceithre théacs dá chuid maidir le Foirgneamh na Míosa i dtaca le foirgnimh a bhí bainteach leis an Éirí Amach, Músaem na bPíarsach, Ard-Oifig an Phoist, Príosún Chill Mhaighneann agus an Athenaeum in Inis Córthaidh. Chomhoibrigh sé freisin le Cartlann Ailtireachta na hÉireann ar thaispeántas maidir le héifeachtaí an Éirí Amach ar chreatlach na cathrach.

Seandálaíocht

Cuireadh dlús nua le dréachtú an Bhille comhtháite nuashonraithe Séadchomharthaí nuair a rinne Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte acmhainní breise a leithdháileadh.

Cuireadh dréacht nuashonraithe de Phlean Bainistíochta Bhrú na Bóinne faoi bhráid UNESCO lena bhreithniú i gcomhthráth le tabhairt isteach nósanna imeachta comhairliúcháin nua maidir le pleanáil ag leibhéal áitiúil.

Leanadh ar aghaidh leis an dul chun cinn le Liosta Ionadaíoch de shuíomhanna féideartha Oidhreachta Domhanda nua agus an Measúnacht Theicniúil do na Suíomhanna Ríoga. Leanadh ar aghaidh freisin le linn na bliana leis an Scéim um Thaighde Stiúrtha a dhéantar a réachtáil tríd Acadamh Ríoga na hÉireann.

Straitéis 2:

Cur i bhfeidhm agus, nuair is cuí, forfheidhmiú éifeachtach polasaithe agus reachtaíocht oidhreachta a chinntiú, lena n-áirítear trí thríú páirtithe.

Chuaigh an Roinn i dteagmháil go gníomhach le raon leathan údarás poiblí agus ghlac páirt i sainghrúpaí oibre idir-Rannacha iomadúla d'fhonn cabhrú le húdaráis phoiblí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh i dtaca leis na Treoracha Dúlra.

Tá an Roinn freagrach as na riachtanais cheadúnais faoi na hAchtanna Fiadhúlra agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Dúlra) 2011. D'éisigh an Roinn níos mó ná 7,400 ceadúnas agus cead do ghníomhaíochtaí éagsúla in 2016, 64% acu (níos mó ná 4,700) do sheilg fianna.

Saincheisteanna a bhain le Tailte Móna

Lean an Roinn, i gcomhar leis an gComhairle Tailte Móna, ar aghaidh in 2016 ag déanamh dul chun cinn maidir le cosaint na bportach ardaithe i limistéir na hÉireann atá faoi chaomhnú speisialta laistigh de chreat na Treorach maidir le Gnáthóga ón AE.

In 2016 coinníodh suas an mhonatóireacht ón aer agus ar an talamh ar shuíomhanna bainte móna i gcomhar leis an nGarda Síochána agus leis an Aerchór. Baineadh móin ar tuairim is 330 ceap ar 24 de na suíomhanna faoi chosaint, arb ionann é agus laghdú suntasach ar leibhéil 2011 (nuair a baineadh móin ar 1,300 ceap).

Faoin Scéim Cúitimh um Scor de Bhaint Móna rinneadh 2,666 íocaíocht bhliantúil agus 112 seachadadh móna in 2016. Rinneadh íocaíochtaí dreasachta aonuaire de €500 freisin i leith 179 iarrthóir. Leanadh ar aghaidh leis an obair le lucht bainte móna a athlonnú ó LCSanna ar phortaigh ardaithe go portaigh neamh-ainmnithe.

Cuireadh tús le linn 2016 le tionscadal €5.4m cúig bliana a fhaigheann maoiniú faoi chlár 2014-2020 EU LIFE Natura d'fhonn portach ardaithe gníomhach a athshlánú in 12 áit i Líonra LCS na hÉireann.

Scéim Cúitimh um Scor de Bhaint Móna

	go deireadh- 2014	go deireadh- 2015	go deireadh- 2016
Iarratais a fuarthas	3,041	3,392	3,482
Íocaíochtaí a rinneadh	6,429	8,943	11,536
Seachadtaí Móna	650	789	902
Comhaontuithe Dhlíthiúla a seoladh ar ais	1,394	1,625	1,827
Íocaíochtaí Aon-Uaire (€500)	3,310	1,544	1,703

Ainmniúcháin

Leanadh ar aghaidh le clár ainmniúcháin Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta agus rinneadh 104 LCS a ainmniú go foirmeálta faoi dheireadh 2016.

Rinneadh 12 shuíomh féideartha eile (9 gcinn nua; 3 shíneadh) a fhógairt, agus cuireadh na hainmniúcháin bheartaithe in iúl d'úinéirí talún.

Tá caighdeán nua na hÉireann do zúnna curtha i bhfeidhm go rathúil, lena cuireadh

córas nua cigireachta agus ceadúnaithe zú i bhfeidhm, a chomhlíonann reachtaíocht na hÉireann agus oibleagáidí an AE. In 2016 rinneadh cigireacht ar 22 zú san iomlán agus sainathnódh 52 cinn eile lena scrúdú sa chéad chéim eile.

Reachtaíocht, Ceadúnú agus Bainistiú Maoine

Le linn 2016 fuair an Roinn 6,691 iarratas pleanála agus rinneadh iad a phróiseáil agus ansin seoladh ar aghaidh iad chuig an Aire ina ról mar chomhairlí reachtúil faoin *Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000* le haghaidh tuairimí nó aighneachtaí i dtaca le himpleachtaí forbairtí beartaithe a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an oidhreacht thógtha nó nádúrtha. B'ionann an líon sin agus méadú de 20% ar líon iomlán na n-iarratas pleanála a chuir údarais phleanála ar aghaidh in 2015. Chuathas i ndáil chomhairle le rannáin oidhreachta na Roinne freisin i dtaca le beagnach 400 cás i ndáil le forbairtí beartaithe ag an gcéim réamh-phleanála.

Ina theannta sin, fuair an tAire, ina ról mar 'chomhlacht comhairliúcháin' nó 'comhlacht forordaithe' faoi reachtanna éagsúla eile, níos mó ná 1,800 tarchur ó údarais phoiblí in 2016 le haghaidh tuairimí nó aighneachtaí maidir leis na himpleachtaí a bhain leis na gníomhaíochtaí atá á rialú acu, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an oidhreacht thógtha nó nádúrtha (e.g. iarratais ar cheánais chladaigh, ceadúnais le crainn a leagan).

Seandálaíocht

Lean an Roinn ar aghaidh ag cur a feidhmeanna i gcrích faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-2004. Rinneadh imscrúduithe i leith 117 tuairisc ar bhagairt nó damáiste do shéadchomharthaí agus breathnaíodh ar 304 fógra maidir le beartú chun obair a dhéanamh ag séadchomhartha, nó gar dó. Mhaoinigh an Roinn deich tionscadal tochailte tarrthála agus aon anailís iar-tochailte amháin.

Tháinig méadú de os cionn 20% ar líon na gceadúnas d'imscrúduithe nua seandálaíochta i gcomparáid leis an bhliain roimhe, rud a léiríonn an treocht ghinearálta i ngníomhaíocht forbartha méadaithe. Rinneadh trí thacar agallamh a reáchtáil in 2016 d'iarthóirí céaduaire ar cheadúnais le tochailtí a dhéanamh i gcomhar le hArd-Mhúsaem na hÉireann agus Institiúid Seandálaithe na hÉireann.

Ceadúnais, Toiliú, Faomhadh agus Treoracha a eisíodh in 2016

- Ceadúnais tochailte seandálaíochta - 675
- Síntí le ceadúnais tochailte - 237
- Cead gairis bhraite a úsáid - 232
- Céadúnais suirbhéireachta tumtha - 80
- Ceadanna agus freagairtí d'athruithe ar thoiliú an Aire a tugadh roimhe - 92
- Treoracha ón Aire d'oibreacha seandálaíochta ar thionscadail bhóthair - 2

Leanadh ar aghaidh le cothabháil leanúnach an liosta reachtúil de shéadchomharthaí taifeadta agus tá deireadh beagnach tagtha le hobair ar mhapáil, bainistiú taifead agus gnéithe sonraí do chontae na hIarmhí agus chontae Chill Chainnigh, ach go háirithe. Anuas air sin, tá an Roinn ag leanúint le nuashonrú ar a taifid ar an Amharcóir Comhshaoil Stairiúil ar líne. Cuireadh 1,140 taifead breise le Taifead na Suíomhanna agus na Séadchomharthaí in 2016: is ionann líon iomlán an Taifid reatha agus 154,607.

Leanann an Roinn ar aghaidh ag seachfhoinisú suirbhéanna ar shéadchomharthaí agus ag déanamh teagmháil ghníomhach le taighdeoirí le suirbhéanna speisialaithe a fháil ar chineálacha áirithe séadchomharthaí d'fhonn an taifead náisiúnta a nuashonrú.

Lean an comhoibriú le Bord na Móna ar aghaidh le suirbhé a dhéanamh ar thailte móna tionsclaíocha agus rinneadh suirbhé geoifisiceach a choimisiúnú ar Phortach Mhaighne, Co. na hIarmhí.

Straitéis 3:

Oibriú le haonáin eile Stáit agus neamhstáit lena chinntiú go bhfuil na struchtúir is cuí i bhfeidhm le seirbhísí oidhreachta tógtha agus nádúrtha a chur ar fáil.

Lean an Roinn ar aghaidh ag infheistiú acmhainní suntasacha lena ról leanúnach mar chomhlacht forordaithe nó comhairlí reachtúil sa phróiseas pleanála a chur i gcrích chomh maith le próisis toilithe Ranna agus gníomhaireachtaí eile. Tá tús curtha ag an Roinn le céimeanna chun an tseirbhís a chuireann sé ar fáil a fheabhsú agus a chaighdeánú trína leibhéal teagmhála le húdaráis eile a mhéadú.

Cuireann Aonad Sheirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) na Roinne ionchur tábhachtach ar fáil do Ranna agus gníomhaireachtaí Stáit eile nuair is gá agus téann sé i dteagmháil go réamhghníomhach le hEagraíochtaí Neamhrialtasach a comhshaoil agus forais acadúla le Plean Gníomhaíochta an Rialtais um Bithéagsúlacht Náisiúnta a chur i gcrích.

Tá rialacháin CITES (An Coinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáin) , agus oibleagáidí faoin Choinbhinsiún, á gcur i bhfeidhm go leanúnach trí Údarás Bainistíochta CITES na Roinne, san SPNF. Comhoibríonn oifigigh sa Roinn ar bhonn leanúnach le Coimisinéirí Custam/Ioncaim.

Oidhreacht Thógtha

Lean an Roinn ar aghaidh ag tacú le húdaráis pleanála, leis an gComhairle Oidhreachta agus páirtithe leasmhara eile in oidhreacht thógtha agus iad ag cur a gcláir feasachta agus oideachais i gcrích. Leanadh ar aghaidh freisin le cinnte a dhéanamh go bhfuil an creat riaracháin do bhainistiú agus cosaint sócmhainní stairiúla ar bhonn náisiúnta i bhfeidhm, i gcomhar le húdaráis áitiúla, gníomhaireachtaí stáit ábhartha agus príomhpháirtithe leasmhara.

Thacaigh an Roinn freisin le húdaráis áitiúla ina ról i dtaca le cosaint na hoidhreachta tógtha trí thacaíocht airgeadais a chur ar fáil le scéimeanna struchtúrtha, i.e. An Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha agus an Scéim um Struchtúir i mBaol.

Tacaíodh le Foras Ailtireachta na hÉireann agus iad ag cur a gclár feasachta agus oideachais i gcrích trí dhá cheann dá mórghníomhaíochtaí maoinithe: Open House agus an National Architects in School Scheme.

Cláir Infheistíochta Caipitil agus Fioscaí

Leanadh ar aghaidh le dreasachtaí cuí agus spriocdhírthe fioscacha a fhorbairt, lena n-áirítear cláir infheistíochta caipitil, do limistéir oidhreachta tógtha i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Airgeadais (an Tionscnamh Living City) agus an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Scéim Deontas Uirbeach Ainmnithe ERDF).

Forbairt Tionscadal Caipitil

Níos mó ná €3m leithdháilte ar mhaoiniú caipitil do thionscadail chaomhantais in 2016 faoi scéimeanna lena n-áirítear:

- ***Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha (SIOT):***

Tugadh an Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha, scéim €2 mhilliún le struchtúir faoi chosaint a dheisiú agus a chaomhnú, isteach leis an tsamhail chéanna a úsáideadh don Scéim Giarála Post don Oidhreacht Thógtha, a reáchtáladh in 2014 agus ar éirigh go han-mhaith leis. Thacaigh scéim 2016 le níos mó ná 270 tionscadal ar fud na tíre, rud a chruthaigh níos mó ná 17,000 lá fostaíochta sna tionscail caomhantais agus foirgníochta agus a chabhraigh le ceantair uirbeacha agus thuaithe a athnuachan. Rinne an scéim beagán faoi €5.5 milliún a ghíaráil freisin, níos mó ná dhá oiread leithdháileadh €2 mhilliún na scéime.

- ***An Ciste um Struchtúir i mBaol (SRF):***

Tugadh an Ciste um Struchtúir i mBaol (SRF) isteach arís do 2016 agus cuireadh cistiú os cionn €1 milliún ar fáil dó chun go mbeifear ábalta obair chaomhantais a dhéanamh ar struchtúir oidhreachta atá faoi úinéireacht phoiblí agus phríobháideach, a mheastar a bheith i mbaol mór dul i léig agus atá cosanta faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú Chabhraigh an ciste, a riaradh trí na húdaráis áitiúla, le níos mó ná 50 tionscadal ar fud na tíre.

- ***Tionscadail faoi choimirce Oifig na nOibreacha Poiblí:***

Cuireadh €350,000 de mhaoiniú ar fáil d'Oifig na nOibreacha Poiblí do chaomhnú agus do chur i láthair shéadchomharthaí náisiúnta agus maoiní stairiúla, atá faoi chúram an Stáit. Tugadh faoi oibreacha caomhantais ag Teach Kilmacurragh, na Blascaodaí, Tigh Mór Dhoire Fhionáin agus Teach Bhaile an Chaisleáin. Ar thaobh na Séadchomharthaí Náisiúnta, bhain tionscadail ag Príosún Chill Mhaighneann, Caisleán Chairlinn agus Cloch an Tuair Rua tairbhe as an gcistiú.

Treoirínte maidir le Polasaí Oidhreachta Seandálaíochta:

Leanadh ar aghaidh leis an obair le Treoirínte do Pholasaí Oidhreachta Seandálaíochta a chur chun cinn. Rinneadh imleabhar nua amháin sa tSraith Chomhairleach dar teideal *Disaster Management in the Historic Built Environment* a bhrú chun cinn, agus fuarthas an téacs tosaigh ón gconraitheoir i Mí na Samhna.

Oidhreacht Thógtha Idirnáisiúnta

Lean oifigigh na Roinne ag déanamh ionadaíocht d'Éirinn i bhforais Eorpacha éagsúla, lena n-áirítear Fóram Cheannairí Oidhreachta na hEorpa, Fóram Dílíthiúil Oidhreachta na hEorpa agus an Fóram Eorpach ar Pholasaithe Ailtireachta chomh maith le Grúpa Dhún Éideann (Ríocht Aontaithe). Ina theannta sin, déanann an Roinn teagmháil ghníomhach

le Comhairle na hEorpa agus le lucht stiúrthóireachta ábhartha an Aontais Eorpaigh.

Seandálaíocht

I ndiaidh pléití idir an Roinn seo agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, tá bearta do chothabháil coisctheach ar shéadchomharthaí curtha san aireamh sa scéim agra-chomhshaoil is déanaí. Is é seo an chéad uair ar tugadh luach saothair d'fheirmeoirí, mar phríomhchoimeádaithe ár séadchomharthaí, as obair chothabhála a fheabhsóidh cosaint agus marthanas na seandálaíochta sa todhchaí.

Chuaigh an Roinn i mbun plé freisin le Fáilte Éireann agus le hOifig na nOibreacha Poiblí d'fhonn comhpháirtíocht straitéiseach a fhorbairt le clár infheistíochta i Séadchomharthaí Náisiúnta atá faoi úinéireacht an Aire a chur i gcrích faoi thionscnamh *Sean-Oirthear na hÉireann* Fáilte Éireann. Díreofar ról na Roinne ar ghnéithe sheandálaíochta an chláir.

Straitéis 4:

Meas agus tuiscint níos fearr ar oidhreacht shaibhir na hÉireann a chur chun cinn mar áis luachmhar do ghnó, d'fhorbairt pobail, d'fheirmeoireacht agus do thurasóireacht agus mar bhealach chun Éire a chur chun cinn mar cheann scríbe tarraingteach d'infheistíocht inbhuanaithe isteach.
--

Mar chuid dá hiarrachtaí le hoidhreacht thógtha agus náisiúnta na hÉireann a chur chun cinn agus an pobal a chur ar an eolas maidir le dea-chleachtas i dtaca leis na hacmhainní sin a bhainistiú, bhí taispeántais á reáchtáil ag an Roinn ag go leor féilte agus imeachtaí, go háirithe an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, an BT Young Scientist Exhibition agus Seó Thulach Mhór.

Páirceanna Náisiúnta

Déanann an Roinn 79,000 heicteár de Pháirceanna Náisiúnta, Anaclanna Dúlra agus suíomhanna oidhreachta nádúrtha eile ar nós Teach Mhucrois agus Caisleán Ghleann Bheatha a bhainistiú. Déantar na páirceanna a bhainistiú ó thaobh caomhantais, oideachais agus conláiste de, d'fhonn a dtábhacht a chothabháil agus a chaomhnú do na glúnta amach romhainn. Bhunaigh an Roinn grúpa idirghníomhaireachta maidir le háineas amuigh faoin aer, lena áiríodh ionadaithe d'Uiscebhealaí Éireann, Coillte, Bord na Móna agus Oifig na nOibreacha Poiblí.

Comhpháirtíocht Infheistíochta Straitéisí

Chuaigh an Roinn, a dhéanann tuairim is 485 ciliméadar de rianta agus cosáin ar fud a punann réadmhaoine oidhreachta a bhainistiú, i mbun comhpháirtíochta nua straitéisí le Fáilte Éireann. Díreoidh an chomhpháirtíocht sin ar na cúig Pháirc Náisiúnta agus Anaclann Dúlra Pháirc na Cúile ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin chomh maith le Páirc Náisiúnta Chill Mhantáin i Sean-Oirthear na hÉireann d'fhonn staidéar féidearthachta, staidéar scóipe agus dearadh a dhéanamh maidir le tionscadail turasóireachta ag na suíomhanna sin.

Páirc Idirnáisiúnta Spéir Dhorcha Mhaigh Eo

I mí Mheán Fómhair, sheol an Roinn Páirc Idirnáisiúnta Spéir Dhorcha Mhaigh Eo go hoifigiúil, lena cuimsítear Páirc Náisiúnta Bhaile Chruaich agus Limistéar Nádúrtha Néifinne.

Is ionann Spéir Dhorcha agus creidiúnú do pháirceanna nó do thailte poiblí eile ina bhfuil spéartha an-réaltacha ar fad chomh maith le gnáthóg nádúrtha oíche ina bhfuil tuailiú solais maolaithe agus ina bhfuil luach ar an dorchadas mar acmhainn thábhachtach oideachais, chultúrtha agus scéimhe nádúrtha. Tá stádas órga, an creidiúnú is airde, faighte ag Baile Chruaich agus Limistéar Nádúrtha Néifinne.

Teach Chill Airne

Lean an clár athchóirithe do Theach Chill Airne agus dá thailte agus gairdíní ornáideacha, a fógraíodh in 2011, ar aghaidh in 2016. Cuireadh oibreacha tírdhreachta i gcrích agus osclaíodh na tailte agus na gairdíní ornáideacha don phobal i Mí Aibreáin. Rinneadh dul chun cinn ar an obair ar chéim léirithe/taispeántais. Osclaíodh an teach in 2017 agus osclófar a áiseanna go léir don phobal ar bhonn céimneach.

Tailte a ceannaíodh i nGleann an Smóil

I Mí na Nollag 2016 thug an Roinn ceannachán 4,900 acra (1,983 heicteár) de hArdtailte Bhaile Átha Cliath, sa cheantar ar a dtugtar na Featherbeds, chun críche ar chostas €800,000. Cuirfear an talamh sin le Páirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin, rud a fhágfaidh 22,000 heicteár sa Pháirc Náisiúnta seo.

Binn Ghuaire

Chuir an Roinn obair riachtanach chothabhála agus uasghrádaithe sláinte agus sábháilteachta i gcrích ar Chosán Bhinn Ghuaire i bPáirc Náisiúnta Chonamara. Tugann tuairim is 200,000 duine cuairt ar Pháirc Náisiúnta Chonamara gach bliain agus tugann an chuid is mó díobh cuairt ar chuid den Chosán, ar a laghad.

Réiteach na Róslabhras

In go leor áiteanna tá an róslabhras in aghaidh áit na dtor dúchasach a ghlacadh agus fásann sé i mothair dhlútha, ag coinneáil fásra dúchasach amach agus ag cur srian ar athghiniúint nádúrtha crann. Tá cistiú bliantúil de dhíth sa chlár seo d'fhonn an infheistíocht a chosaint thar na mblianta tríd an speiceas coimhthíoch seo a rialú agus cuid de na coillte dúchásacha gan mhilleadh is tábhachtaí in Éirinn a chosaint. Déantar an róslabhras a réiteach gach bliain i bPáirceanna Náisiúnta Chill Airne, Bhaile Chruaich, Chonamara agus Ghleann Bheatha.

Scannánaíocht

Ag deireadh an earraigh in 2016, d'éascaigh an Roinn scannánú radharcanna do *Star Wars: The Last Jedi* ag áiteanna éagsúla ar chósta an Atlantaigh, i gcomhar le gníomhaireachtaí Stáit eile agus na pobail óstála.

Tionscnaimh eile ar tugadh fúthu le linn 2016

D'oibrigh Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra na Roinne ar raon tionscadal taighde agus foilseachán le linn 2016, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

Foilseacháin

- Foilsíú an *Atlas of Mammals in Ireland* i gcomhar leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, chomh maith le trí Lámhleabhar ar Fhiadhúlra na hÉireann ina gclúdaítear cromán na gceart, aithint mamach agus fuaráin chlochraithe, agus trí Liosta Sonraí Dearga (leamhain, plandaí agus siorcanna).
- Rinne grúpa comhoibríoch, ar a raibh Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra na Roinne, Liosta Dearg na bPlandaí Soithíocha a chur amach, ina bhfuil measúnú ar na plandaí bláthanna agus raithneach ar oileán na hÉireann atá faoi bhagairt nó i mbaol díothaithe. Meastar go bhfuil 106 (8.8%) den 1,211 a measúnaíodh faoi bhagairt, 20 díobh sin (1.7%) i mBaol Criticiúil, 25 (2.1%) i mBaol agus 61 (5.0%) Somhillte, agus tá 15 (1.2%) díobh Díofa in Éirinn. Tá ocht bplanda soithíoch déag eindéimeach, is é sin le rá nach bhfuil siad le fáil ach ar oileán na hÉireann agus, iad sin san áireamh, tá tábhacht idirnáisiúnta ag baint le hÉirinn do 47 planda soithíoch ós rud é go bhfuil, nó go bhféadfadh sé go bhfuil, níos mó ná ceathrú dá líon Eorpach le fáil anseo. Is toradh é an Liosta Dearg ar thiomantas suntasach agus iarrachtaí gan fasach lucht taifeadta luibheolaíochta na hÉireann leis na blianta fada, as a dtáinig na céadta míle taifead, lena n-áirítear fionnachtana speiceas neamhchosanta agus cairtiú ar mheath agus cailteanas speiceas.
- I Mí an Mhárta 2016 foilsíodh an cúigiú tuarascáil bhliantúil ón scéim RAPTOR, ina bhfuil cur síos ar bhagairtí díreacha agus brú (seachas bagairtí agus brú a bhaineann le gnáthóga) ar éin chreicthe in Éirinn.
- Scríobh foireann an SPNF píosaí don *Atlas of Predaceous Water Beetles of Britain and Ireland* freisin.

Tionscadail Taighde agus Monatóireachta Eolaíoch

- Leanadh ar aghaidh le linn 2016 le cláir mhonatóireachta chun measúnú a dhéanamh ar stádas caomhantais ghnáthóga mara, murlach, féarthailte, trá scaineagáin fhásmhar, gnáthóga locha, tacar speiceas neamhchoitianta plandaí, speicis ialtóige, ceiticigh, róna, speicis vertigo, diúilicín péarla, fritileán réisc agus cnádán.
- Chuir Clár OBSERVE, comhthionscadal idir an Roinn seo agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil le monatóireacht a dhéanamh ar éin fharraige, míolta móra agus deilfeanna, deireadh le cláir fhairsinge mhonatóireachta fuaime agus aeir amach ó na cóstaí thoir, theas agus thiar. Bhí níos mó ná 8,000 taifead faighte ar éin fharraige agus ceiticigh faoi dheireadh 2016 agus leanadh ar aghaidh le samhaltú tábhachtach staitistiúil agus gnáthóige ar feadh 2017.
- Tugadh measúnú náisiúnta ar an gcat crainn chun críche.
- Cuireadh tús le dhá chlár nua monatóireachta do ghnáthóga locha a bhí liostáilte sa Treoir ón AE maidir le Gnáthóga.

- Rinne an Roinn faireachas ar Phlá na Cráifisce Fionnuisce a choimisiúnú, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as DNA ón timpeallacht, ar teicníc nua é.
- Rinneadh suirbhéanna cuimsitheacha inveirteabrach ar cheithre anaclann dúlra i gcoillearnach freisin.
- Aimsíodh dhá speiceas suntasach le linn 2016: Thángthas ar mhíol leabhar i gCo. Chorcaí, ar cuireadh síos air mar speiceas nua san Eoraip; agus is speiceas nua in Éirinn é an Cipíneach Uisce a aimsíodh i gCo. Loch Garman.
- Cuireadh staidéar i gcrích lena léiríodh gur príomhionad éagsúlacht ghéiniteach í Éire i dtaca leis an diúilicín péarla fionnuisce san Eoraip, agus fuarthas go raibh an éagsúlacht ghéiniteach is mó d'aon abhainn taifeadta go dtí seo ar domhan i bpobal diúilicíní na Cárthaí i gCo. Chiarraí. Léiríodh le clár monatóireachta trí bliana ar dhiúilicíní péarla fionnuisce go raibh meath ar gach phobal in Éirinn seachas ceann amháin, a bhfuil riocht maith arís air.

Portaigh

In 2016, chuir an Roinn deireadh leis an gconradh trí bliana le RPS Consulting, “Bonn Eolaíoch a Sholáthar do Chaomhnú an Phortaigh Ardaithe in Éirinn”. Chuir obair na Roinne le RPS go mór lenár dtuiscint ar éicihidreolaíocht an phortaigh ardaithe agus chuir sé bonn agus taca faoinár gcur chuige reatha i leith chaomhnú phortaigh ardaithe, go háirithe i dtaca le comhréiteach a fháil idir leasa bainte móna agus oibleagáidí caomhantais (le hAirteagal 6.3 na Treorach um Ghnáthóga a chomhlíonadh). As an gconradh d’eascair Pleananna iomlána Bainistithe Athchóirithe do na 53 LCS ar phortaigh ardaithe, Cuspóirí Caomhantais Suíomhoiriúnaithe do 52 de na suíomhanna sin agus an dréacht dheiridh den Phlean Náisiúnta um Bainistiú LCS na bPortach Ardaithe freisin.

Rinneadh athbhreithniú mionsonraithe ar LCSanna ar bhratphortaigh agus rinneadh limistéir bhainte móna a mhapáil agus a rangú. Cabróidh seo le bonn a chur faoi chomhairliúchán le páirtithe leasmhara agus le húinéirí agus le straitéisí cuí a cheapadh do bhainistiú fadtéarmach baint móna ag suíomhanna a ndearnadh dochar dóibh.

Bhí an SPNF páirteach i dtairiscint na hÉireann/Thuaisceart Éireann, ar éirigh leis, ar mhaoiniú EU INTERREG, inar moladh tailte stáit ar LCS Phortach Shliabh Gamh le haghaidh obair athchóirithe ar bhratphortach. Fuair tionscadal taighde nua de chuid Ollscoil na Banríona, bunaithe ar eolas ón SPNF, le himscrúdú a dhéanamh ar na costais/buntáistí a bhaineann le limistéir bhratphortaigh dhíghrádaithe/shlán ar chaighdeán/sruthlú uisce, tacaíocht ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus leanfaidh an SPNF ar aghaidh ag cur sainchomhairle ar fáil lena aghaidh.

Tá bearta á gcur i bhfeidhm ag KerryLIFE chun aghaidh a thabhairt ar fhoinsí siolta, cothaitheach agus athraithe hidreolaíche ar 35 feirm rannpháirteach i ndobharcheantair an Phoill Ghoirm agus na Cárthaí le líon na ndiúilicíní péarla fionnuisce a athshlánú. Cuireadh tús freisin le linn 2016 le hathstruchtúrú foraoisí bhuaircíneacha mar choillearnach coinneála fadtéarmach trí úsáid a bhaint as raon cur chuige nua. Déantar monatóirí ar bhonn leanúnach ar chur i bhfeidhm beart agus tá clár monatóireachta eolaíoch, a bhfuil teicnící nua ar nós mhéarlorgaireacht dríodair, á úsáid le héifeachtacht

na mbeart a léiriú.

Cuireann an Roinn cómhaoiniú ar fáil do thionscadal EU LIFE le Liosta Dearg Eorpach de Bhrifít a bhunú. Aithnítear sa Liosta Dearg Eorpach na speicis atá faoi bhagairt díothaithe ag leibhéal na hEorpa ionas gur féidir tabhairt faoi ghníomh caomhantais cuí lena stádas a fheabhsú.

Agra-chomhshaol: In 2016, chabhraigh an Roinn leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara le tionscnaimh nua faoi stiúir áitiúil a cheapadh do Chromán na gCearc agus don Diúilicín Péarla Fionnuisce. Buiséad de €35m sna blianta atá le teacht le rannpháirtíocht an phobail áitiúil agus feirmeoirí i gcosaint na speiceas sin a spreagadh, chomh maith le taighdeoirí, éiceolaithe, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus gníomhaireachtaí eile. Tá tuilleadh airgid ar fáil faoi Chlár Forbartha Réigiúnach na hÉireann do thionscadail nuálacha eile ar féidir leo torthaí dearfacha caomhantais a bhaint amach, ar nós an méid atá á dhéanamh i mBoirinn. Tá an Roinn ag leanúint ar aghaidh ag obair leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara le dul i ngleic le ceisteanna incháilitheachta talún a chuireann isteach ar íocaíochtaí díreacha faoin gComhbheartas Talmhaíochta agus suíomhanna Natura 2000 ach go háirithe.

Lean an Roinn ag cistiú obair leis an iolar mara agus an t-iolar fíréan a thabhairt ar ais, agus aontaíodh meabhrán tuisceana le Páirc Fiadhúlra Fota le tús a chur le pórú i ngéibheann den Chnádán.

Ghlac an Roinn páirt i bhFóram na hÉireann ar Chaipiteal Nádúrtha, lena dtugtar páirtithe as earnálacha tábhachtacha le chéile le plé a dhéanamh ar an mbealach is fearr le coincheap an chaipitil nádúrtha, agus cuntasaíocht chaipitil nádúrtha, a thabhairt isteach i lár an aonaigh i dtaca le ceapadh beartas agus pleanáil poiblí, sibhialta agus corparáideach.

Cuireadh tús in 2016 le tionscadal taighde le scrúdú a dhéanamh ar chaiteachas poiblí agus príobháideach ar chaomhnú bithéagsúlachta agus meicníochtaí nuálacha airgeadais a mholadh le haon bhearnaí a líonadh.

Tugadh chun críche tionscadal trialach náisiúnta le tacar éiceachóras tosaíochta agus a seirbhísí a mhapáil agus a mheasúnú.

Straitéis 5:

Cinntiú go gcuirtear seirbhísí oidhreachta ar fáil do chustaiméirí na Roinne ar bhealach chomh héifeachtach agus is féidir, lena n-áirítear tríd an gComhairle

An Chomhairle Oidhreachta

Lean an Roinn le cistiú na Comhairle Oidhreachta agus d'oibrigh siad ar feadh 2016 le leanúint le moltaí a d'éascair as Athbhreithniú na Comhairle Oidhreachta a chur i bhfeidhm. Ar bhuaicphointí ghníomhaíochta na Comhairle bhí *Seachtain na hOidhreachta*, ar éirigh go han-mhaith léi agus ina raibh níos mó ná 1,800 imeacht ar

siúl ar fud na tíre. Reáchtáladh scéim deontas pobail freisin lenar cuireadh cabhair chistiúcháin de €800,000 ar fáil do 171 tionscadal oidhreachta ar fud na tíre.

Choinnigh an Roinn uirthi ag déanamh teagmháil ghníomhach le comhpháirtithe ar nós Oifig na nOibreacha Poiblí i dtaca le cistiú a leithdháileadh ar chaomhnú agus cosaint séadchomharthaí náisiúnta agus réadmhaoine stairiúla faoi Chúram an Stáit agus le hIontaobhas Oidhreachta na hÉireann, Cartlann Ailtireachta na hÉireann agus Cumann Tithe Stairiúla na hÉireann ina réimsí cosanta oidhreachta.

Eolaíocht agus Bithéagsúlacht

Chuir Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra na Roinne cistiú ar fáil, tríd an gComhairle Oidhreachta, le feidhmiú leanúnach an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta a éascú.

Straitéis 6:

Oibriú go dlúth le Ranna agus gníomhaireachtaí eile le sineirgí a bhaint amach agus le hoibriú ar bhealach níos éifeachtaí lenár spriocanna a bhaint amach.

Thug an Roinn Comhpháirtíocht Infheistíochta Straitéisí le Fáilte Éireann chun críche, a bhfuil sé mar aidhm léi an táirge turasóireachta i bPáirceanna Náisiúnta na hÉireann agus Anaclann Dúlra na Cúile-Ghairealáin a fheabhsú agus a chur chun cinn. Shínigh an Roinn Meabhrán Tuisceana le Cumann na hÉireann um Fhóirithint ar Ainmnithe, rud a chur comhoibriú agus comhar leanúnach idir an SPNF agus an ISPCA ar bhonn foirmiúil maidir le saincheisteanna a bhaineann le coir in aghaidh an dúlra agus cionta ainmhithe araon. Tá grúpa idirghníomhaireachta bunaithe ag an Roinn freisin maidir le hÁineas Amuigh faoin Aer, lena n-áirítear ionadaithe d'Uiscebhealaí Éireann, Coillte, Bord na Móna agus Oifig na nOibreacha Poiblí.

Tailte Móna

In 2016 bhí dhá chruinniú ann de Ghrúpa Forfheidhmithe na dTailte Móna, a bunaíodh in 2016 faoin Straitéis Náisiúnta Tailte Móna leis na Ranna agus aonáin Stáit ábhartha go léir a thabhairt le chéile.

Eolaíocht agus Bithéagsúlacht

Oibríonn SPNF na Roinne le Ranna agus gníomhaireachtaí éagsúla eile lena cuspóirí straitéiseacha agus gnó a bhaint amach: ar raon ceisteanna lena n-áirítear tionscadail mhapála, monatóireacht eolaíoch, speicis choimhthíocha ionracha, clár EU LIFE, Athrú Aeráide, cur i bhfeidhm na dTreoracha a bhaineann le Creat Straitéise Mara agus Creat Uisce agus Ioncam (ar CITES). Bhí comhairliúchán fairsing ar bun le linn 2016 freisin idir an Roinn agus lascaigh Intíre Éireann i leith speicis choimhthíocha ionracha.

Tá comhairle eolaíoch curtha ar fáil ag an Roinn in 2016 i dtaca le Cuspóir 2.1 de INTERREG VA (2014-2020), atá ceaptha le comhoibriú trasteorann a chur chun cinn d'fhonn athshlánú ghnáthóga roghnaithe faoi chosaint agus speicis thosaíochta a

éascú. Is ionann luach iomlán na gairme agus Scéim Deontas Uirbeach Ainmnithe €11 milliún.

Tá an Roinn ag leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí stáit eile le clár Náisiúnta Mapála Cumhdaigh Talún agus Gnáthóg a bhrú chun cinn le comhspricanna áirithe a bhaint amach, agus in 2016 d'éirigh leo pacáistí oibre maidir le Cás Eacnamaíoch agus Úsáide a chur i gcrích chomh maith le dréachtrangú gnáthóg/cumhdaigh talún agus dréacht-samhail de shonraí.

Dul chun cinn le linn 2016 – Sprioc 3: An Ghaeilge, an Ghaeltacht agus na hOileáin

Tacú leis an nGaeilge, úsáid na teanga mar phríomhtheanga an phobail sa Ghaeltacht a threisiú agus cuidiú le forbairt inbhuanaithe phobail na n-oileán.

Straitéis 1:

Forfheidhmiú na *Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*.

Tá an Roinn freagrach as comhordú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge i gcomhar le raon leathan de phríomhpháirtithe leasmhara.

Le linn 2016 cuireadh cabhair ar fáil faoin Scéim Réamhscoile agus Iarscoile do naoi nIonad Tacaíochta Teaghlaigh sa Ghaeltacht agus do sheirbhísí réamhscoile áirithe a fheidhmíonn trí Ghaeilge chun tacú le soláthar gníomhaíochtaí sealbhaithe agus saibhrithe teanga dírithe ar theaghlaigh óga Gaeltachta.

Cuireadh cistiú ar fáil freisin don eagraíocht Tuismitheoirí na Gaeltachta chun cabhrú leo a gcuid seirbhísí do thuismitheoirí atá ag tógáil a gclann le Gaeilge sa Ghaeltacht a fhorbairt. Mar chuid den Chlár Tacaíochta Teanga do Theaghlaigh, scaipeadh 1,195 pacáiste tacaíochta teanga.

Straitéis 2:

An próiseas pleanála teanga a chur i bhfeidhm, i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus le Foras na Gaeilge, faoi Acht na Gaeltachta 2012.

Rinneadh dul chun cinn ar chur i bhfeidhm an phróisis pleanála teanga le linn 2016. Rinneadh fógraí i gcomhréir le forálacha alt 7(3) an Achta i leith 9 Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta breise in 2016 agus roghnaíodh eagraíochtaí le pleananna teanga a ullmhú agus a chur i bhfeidhm i leith gach limistéir.

I mí Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna 2016 rinneadh fógraí i gcomhréir le forálacha alt 9 den Acht i leith Dhaingean Uí Chúis, Co. Chiarraí agus Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall - rud a chuir tosach feidhme leis an bpróiseas pleanála teanga sna bailte sin.

I dtaca le Líonraí Gaeilge, cuireadh tús leis an bpróiseas le pleananna teanga a ullmhú i leith Líonraí Gaeilge: Bhaile Locha Riach, Co. na Gaillimhe; Inis, Co. an Chláir, agus Chluain Dolcáin, Baile Átha Cliath, de réir mar a roghnaigh Foras na Gaeilge iad.

Straitéis 3:

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear teagmháil ghníomhach dhearfach leis an gCoimisinéir Teanga.

Deimhníodh 19 scéim teanga le linn 2016, lenar áiríodh 8 gcinn tionscnaimh, 6 dara scéim agus 5 tríú scéim. Faoi dheireadh na bliana 2016, bhí 116 scéim i bhfeidhm, a chlúdaíonn 119 comhlacht poiblí ar fad. Tá gach scéim ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisinéara Teanga ag www.coimisineir.ie.

Athbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla

In 2016 rinneadh athbhreithniú ar Bhille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear an Coimisinéir Teanga, Conradh na Gaeilge agus Rialtas na Breataine Bige, a bhfuil córas reachtúil teanga ar bun acusan freisin. Rinneadh moltaí reachtacha leasaithe ina dhiaidh sin in 2017.

Straitéis 4:

Cinntiú go bhfuil na struchtúir agus na scéimeanna i bhfeidhm chun tacú leis an nGaeilge taobh istigh den Ghaeltacht agus taobh amuigh di araon.

Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge

Leanadh le maoiniú a chur ar fáil faoi na Scéimeanna Tacaíochtaí Gaeilge do réimse leathan eagraíochtaí agus tionscnamh Gaeilge. Tabhaíodh caiteachas de €3.594m. Áiríodh air sin:

- Deontais reatha agus chaipitil a íocadh le heagraíochtaí éagsúla Gaeilge a fheidhmíonn lasmuigh den Ghaeltacht, mar shampla, Gaillimh le Gaeilge, Gnó Mhaigh Eo, Gael Taca, Taibhdhearc na Gaillimhe, agus An Cumann Scoildrámaíochta. Tacaíodh le tionscadail sna hearnálacha daonnachtaí digiteacha agus téarmaíochta ar nós Dúchas.ie, logainm.ie agus abair.ie chomh maith le tionscadal LEX, lena gcuirtear téarmaíocht Ghaeilge ar fáil don AE;
- Teagasc na Gaeilge i 38 ollscoil idirnáisiúnta, lena n-áirítear 14 ollscoil faoi choimirce Choimisiún Fulbright agus 7 gcinn faoi choimirce Fhondúireacht Ollscoile Éireann Cheanada;
- Tacaíocht do 11 chúrsa oideachais tríú leibhéal in Éirinn faoin Tionscnamh Ardscileanna Gaeilge;
- Tacaíocht do thionscadail in earnálacha an ghnó agus na n-ealaíon;
- Tionscadail chaipitil i gCeanncheathrú Choláiste na bhFiann i gCo. Mhaigh Eo, Gaelphobal Thamhlachta i mBaile Átha Cliath agus Tionscadal TechSpace as Gaeilge.

Caiteachas

Cuireadh maoiniú caipitil de €922,000 ar fáil chun tacú le forbairt agus cothabháil áiseanna éagsúla teangalárnacha pobail sa Ghaeltacht. San áireamh sa chaiteachas sin tá deontais le haghaidh athchóiriú/tógáil áiseanna éagsúla ar nós naíolanna, hallaí pobail, páirceanna peile agus coláistí Gaeilge. Tugadh cúnamh deontais freisin chun trealamh a cheannach.

Caitheadh €7.370m ar chláir agus scéimeanna éagsúla teangalárnacha sa Ghaeltacht leis an nGaeilge a chur chun cinn agus a chothabháil i gcomhthéacs na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge. Áiríodh an méid seo a leanas leis na tionscnaimh a maoiníodh:

- Faoi Scéim na bhFoghlaimoirí Gaeilge d'fhreastail 26,024 mac léinn ar 50 coláiste Gaeilge sa Ghaeltacht agus ar thrí choláiste seanbhunaithe den scoth taobh amuigh den Ghaeltacht in 2016.
- Cistiú do na trí ionad atá ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge sa Ghaeltacht: Gaoth Dobhair, An Cheathrú Rua agus Carna.
- Fostaíodh 113 Cúntóir Teanga i 109 scoil Ghaeltachta faoi Scéim na gCúntóirí Teanga;
- Tugadh aitheantas do 183 Campa Samhraidh Gaeilge faoi Scéim na gCampaí Samhraidh agus d'fhreastail 6,077 páiste ón nGaeltacht ar na campaí sin;
- Maoiniú le haghaidh ranganna spóirt agus aclaíochta trí mheán na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta; agus
- Fuair dhá eagraíocht (An Gaelacadamh agus an Crann Óg) maoiniú le ranganna ceoil, amhránaíochta agus damhsa a chur ar fáil trí Ghaeilge sa Ghaeltacht.
- Tionscadail thrialacha leis an nGaeilge a chur chun cinn i measc na teicneolaíochta, le teicneolaíocht meaisín aistriúcháin a fhorbairt, le céim ar líne i nGaeilge agus i gcultúr traidisiúnta na hÉireann a fhorbairt, le scéim nua dar teideal *TechSpace as Gaeilge* a bhunú, le haip nua raidió i nGaeilge a fhorbairt chun na stáisiúin raidió go léir i nGaeilge a thabhairt le chéile, Plean Digiteach don Ghaeilge, tacaíocht do Edcite as Gaeilge le hacmhainn nua ábhair dhigitigh do scoileanna a chruthú agus a roinnt, agus Plean Ghníomhaíochta Gaeilge RTÉ. Tugadh cistiú freisin do Raidió Rí-Rá, stáisiún cairte do dhaoine óga a chraolann i nGaeilge.

Straitéis 5:

Tacú le hÚdarás na Gaeltachta mar ghníomhaireacht forbartha réigiúnach na Gaeltachta.

Ba é €18.510m an leithdháileadh iomlán as an Státchiste in 2016 d'Údarás na Gaeltachta, an t-údarás réigiúnach atá freagrach as forbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta. Fuarthas caipiteal breise de luach €2.4m don Údarás in 2016.

Ag deireadh na bliana, bhí 7,963 duine san iomlán fostaithe i gcliant-chuideachtaí de chuid Údarás na Gaeltachta agus ba phoist lánaimseartha 7,348 de na poist sin agus ba phoist pháirtaimseartha 615 acu. Chruthaigh cliant-chuideachtaí an Údaráis 559 post lánaimseartha nua i rith 2016. Nuair a thugtar san áireamh na poist a cailleadh, bhí glanmhéadú de 80 post san iomlán i gceist.

Riarann Údarás na Gaeltachta scéimeanna éagsúla fostaíochta sóisialta atá maoinithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí agus a bhfuil ról tábhachtach acu i dtáithí oibre agus oiliúint a chur ar fáil do phobal na Gaeltachta. In 2016, bhí os cionn 1,000 rannpháirtí páirteach i

47 scéim ar fud na Gaeltachta.

Faoi Acht na Gaeltachta 2012, tá sé de fhreagracht ar Údarás na Gaeltachta tacú le heagraíochtaí agus pleananna teanga á n-ullmhú agus á gcur i bhfeidhm acu i Limistéir Phleanála Teanga Ghaeltachta agus i mBailte Seirbhíse Gaeltachta atá i Limistéir Phleanála Teanga Ghaeltachta.

Straitéis 6:

Soláthar seirbhísí do phobail na n-oileán a éascú.

Le linn 2016 cuireadh conarthaí nua iompair in áit do sheirbhísí farantóireachta agus lastais chuig na hoileáin. Aontáíodh conradh idir an Roinn agus Galway Aviation Services Limited le Seirbhís Aeir a chur ar fáil go hOileáin Árann ó mhí Eanáir 2017 go mí na Nollag 2020, a raibh conradh faoina bhonn a bhí comhaontaithe idir úinéir Aerfor Chonamara agus an Roinn.

Bhí buiséad caipitil 2016 le seirbhísí a chur ar fáil do na hoileáin amach ón gcósta píosa maith níos mó ná mar a bhí in 2015. Thug sé sin deis don Roinn clár oibreacha ar na hoileáin amach ón gcósta a chómhaoiniú le húdaráis ábhartha áitiúla - oibreacha ar nós bóithre a dheisiú agus céanna a úsáidtear le rochtain a fháil ar na hoileáin a chothabháil. Rinne an Roinn dul chun cinn ar chur i bhfeidhm thionscadal ceithre bliana AranLIFE (2014-2017), atá á chómhaoiniú faoi chlár LIFE an AE. Leanadh ar aghaidh le hoibreacha faoin tionscadal ar 67 feirm rannpháirteacha.

Aontáíodh leis an FSS seirbhís héileacaptair Thoraí a leathnú - ó sheirbhís choicisiúil idir mí na Samhna agus mí an Mhárta go seirbhís sheachtainiúil. Tá sé sin i ndiaidh dul chun tairbhe go mór do phobal an oileáin mar go mbíonn an t-oileán sin fágtha gan seirbhís farantóireachta go minic de bharr na drochaimsire, Aontáíodh conarthaí nua farantóireachta paisinéara freisin d'Inis Arcáin, Contae Chorcaí agus d'Oileán Chliara, Co. Mhaigh Eo.

Straitéis 7:

Oibriú le Ranna, gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara ábhartha eile lenár spriocanna a bhaint amach.

Tá an Roinn ag leanúint léi ag obair le raon eagraíochtaí agus tionscnamh Gaeilge agus tá líon áirithe sruthanna cistiúcháin curtha ar fáil le tacú lena gcuid oibre. Oibríonn an Roinn go dlúth freisin le gníomhaireachtaí faoina coimirce le cur chun cinn na Gaeilge a bhrú chun cinn agus le tacú le daoine atá ina gcónaí sa Ghaeltacht agus ag obair inti.

Agus tionscadal AranLIFE á chur chun cinn aici, d'oibrigh an Roinn le clár Dúlra EU LIFE agus le raon leathan de ghníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Comhairle Contae na Gaillimhe, Teagasc agus Fáilte Éireann.

Dul chun cinn le linn 2016 – Spríoc 4: Comhoibriú Thuaidh-Theas

Comhoibriú Thuaidh Theas a chur chun cinn, go háirithe i gcomhthéacs an Fhorais Teanga agus Uiscebhealaí Éireann.

Straitéis 1:

Teagmháil ghníomhach leanúnach chun tacú leis an bhForas Teanga agus le hUiscebhealaí Éireann, an dá chomhlacht Forfheidhmithe Trasteorann atá á gcómhaoiniú ag an Roinn seo.

Tionóladh cruinniú eárnála den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) in 2016 i dtaca leis an bhForas Teanga agus Uiscebhealaí Éireann. Rinneadh dhá Chruinniú de Mheitheal Oibre CATT a réachtáil ar an 26 Bealtaine agus an 12 Nollaig.

Bhí ceithre chruinniú monatóireachta ráithiúla ann i dtaca leis an bhForas Teanga le linn 2016 (29 Feabhra, 9 Bealtaine, 7 Meán Fómhair, 21 Samhain) agus bhí sé chruinniú démhíosúla ann i dtaca le hUiscebhealaí Éireann (10 Feabhra, 13 Aibreán, 19 Iúil, 14 Meán Fómhair, 26 Deireadh Fómhair agus 14 Nollaig). Rinneadh maoirseacht agus rialachas a chinntiú trí chumarsáid rialta leanúnach leis an Roinn Urraíochta sa Tuaisceart agus na Gníomhaireachtaí agus ag cruinnithe eile.

D'óstáil an Roinn turas freisin ón Roinn Urraíochta sa Tuaisceart i mí Aibreáin, a chuimsigh cruinniú déthaobhach agus cruinnithe eile le Tuairisc.ie, Telegael, Ionad Tacaíochta Teaghlaigh, Acadamh na hOllscolaíochta agus leis an gCoimisinéir Teanga.

Tá an Roinn tiomanta do chómhaoiniú agus tacaíocht a thabhairt don Fhoras Teanga (atá déanta suas d'Fhoras na Gaeilge agus Tha Boord o Ulstèr-Scotch) agus do chabhair a thabhairt don Fhoras Forfheidhmithe Thuaidh Theas seo agus á fheidhmeanna á gcur i gcrích aige i gcomhthéacs Chomhaontuithe Aoine an Chéasta agus Chill Rìmhinn araon. Tá an Foras Teanga freagrach don Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) agus d'Airí na Ranna Coimirce, i.e., an Roinn seo agus an Roinn Comhphobal (DfC) i dTuaisceart Éireann.

Tá Foras na Gaeilge freagrach as na sainchúraimí uile a bhaineann leis an nGaeilge, lena n-áirítear cabhrú le forbairt agus cur chun cinn na Gaeilge i réimsí poiblí agus príobháideacha. Tá Tha Boord o Ulstèr-Scotch freagrach as forbairt na hUltaise, lena n-áirítear feasacht níos fearr i leith na teanga agus úsáid na teanga a chur chun cinn, chomh maith le cur chun cinn saincheistanna cultúrtha a bhaineann leis an Ultais. Tá a gcuid bord féin ag Foras na Gaeilge agus Tha Boord o Ulstèr Scotch. Cuimsíonn comhaltaí na mbord bord an Fhorais Teanga.

Leag an CATT amach na príomhthosaíochtaí aireachta seo a leanas d'Fhoras na Gaeilge in 2016:

- Cur i gcrích an fhoclóra nua Béarla-Gaeilge ar líne le 130,000 aonad céille, a chuimsíonn teanga croí-ábhair agus téarmaíocht do leibhéal bunscoile agus

iarbhunscoile, chomh maith le rialú caighdeán agus eagarthóireacht chríochnaitheach tras-fhoclóra ar an bhfoclóir iomlán;

- Seoladh na Scéime Pobail Gaeilge 2016-2018 agus cur i bhfeidhm an phróisis pleanála teanga do na Gréasáin Ghaeilge agus na Bailte Seirbhíse Gaeltachta, de réir mar is cuí;
- Seoladh suíomh tairisí cuimsitheach don Ghaeilge ar www.gaeilge.ie.
- Fócas ar thionscadail do dhaoine óga, lena n-áirítear cabhair le hghaidh 70 tionscadal faoi Scéim na nImeachtaí Óige, Gaelbhratach (scéim bratach Gaeilge) a bhronnadh ar 50 scoil, comórtas bannaí ceoil a reáchtáil, cur chun cinn straitéis léitheoireachta agus comhoibriú leanúnach le Cumann na bhFiann agus le Gael Linn sa réimse sin; agus
- Monatóireacht agus tacaíocht leanúnach do na socrúithe nua comhpháirtíochta leis na ceanneagraíochtaí chun aidhmeanna straitéiseacha a bhaint amach i réimsí an oideachais, úsáid na teanga agus forbairt líonraí, chomh maith le feasacht agus ionadaíocht teanga, i gcomhar leis an bhfóram forbartha teanga uile-oileáin.

Leag an CATT amach na príomhthosaíochtaí aireachta seo a leanas do Ghníomhaireacht na hUltaise in 2016:

- Soláthar tacaíochta go leanúnach sa phobal trí chlár maoiniúcháin a chur ar fáil do theagasc ceoil agus damhsa, féilte pobail, clár tionchar pobail, scoileanna samhraidh agus bunmhaoiniú do phríomheagraíochtaí;
- Fócas ar thionscnaimh oideachais, lena n-áirítear tacaíocht do bhunscoileanna faoi Phríomhchlár na hUltaise do Scoileanna agus soláthar trí nascadh bunscóileanna Thoir/Thiar agus trí cinn Thuaidh/Theas chun feabhas a chur ar an eolas agus ar an gcomhoibriú maidir le hoidhreacht na hUltaise;
- Cur chun cinn teanga, oidhreacht agus cultúr na hUltaise tríd an tairseach Discover Ulster-Scots, limistéar Hairtlan a sheoladh, taispeántais camchuairte, imeachtaí poiblí, foilseacháin agus trí thionscadal oidhreachta sna contaetha ar an teorainn;
- Cur chun cinn na hUltaise a mhéadú ar an talamh trí oiliúint i bpromóisean a chur ar fáil do ghrúpaí pobail agus trí scéim nua a sheoladh le craoladh raidió pobail a chur chun cinn; agus
- Forbairt agus cur i gcrích clár gníomhaíochta faoi Ulaidh agus an Cogadh Mór, le tagairt faoi leith do chomóradh céad bliain Chath an Somme agus Deireadh Seachtaine Oidhreachta na hEorpa.

Faoi dheireadh 2016, bhí dul chun cinn suntasach bainte amach ag an bhForas Teanga i gcur chun cinn na dtosaíochtaí seo.

Cuirtear maoiniú ar fáil don Fhoras Teanga ón Roinn seo agus ón DfC i gcomhréir le buiséid faofa ag an CATT. I rith 2016, cuireadh maoiniú iomlán de €13.249m ar fáil ón Roinn seo don Fhoras Teanga, lena n-áirítear maoiniú imfhálaithe de €1.061m do Chlár na Leabhar Gaeilge (a thacaíonn le tionscnaimh léitheoireachta, scríbhneoireachta agus foilsitheoireachta i nGaeilge) agus €118,518 do Colmcille (tionscnamh trípháirteach chun an Ghaeilge agus Gaeilge na hAlban a chur chun cinn).

Tá tuilleadh eolais ar fáil ar na suíomhanna gréasáin www.forasnagaeilge.ie (Foras na Gaeilge) agus www.ulsterscotsagency.com (Tha Boord o Ulstèr Scotch).

Straitéis 2:

Deiseanna a thapú le comhpháirtithe i dTuaisceart Éireann d'fhonn comhoibriú ar fud réimsí eile de shainchúram na Roinne seo a fheabhsú, ar fud na n-ealaíon, an chultúir, na hoidhreachta agus na gcuimhneachán.

Chomh maith leis an teanga, san áireamh i réimsí eile comhoibrithe trasteorann bhí obair ar phleanáil ócáidí cuimhneacháin, comhthionscadail idir músaeim ar an dá thaobh den teorainn, rannpháirtíocht ag roinnt tionscadal i dTuaisceart Éireann in Oíche Chultúir, chomh maith le rannpháirtíocht ar an oidhreacht thógtha agus nádúrtha, agus ar chúrsaí comhshaoil. Tacaíonn agus maoiníonn an Roinn seo, i gcomhar leis an Roinn Infreastruchtúir i dTuaisceart Éireann agus leis an CATT, Uiscebhealaí Éireann agus é i mbun na huiscebhealaí intíre a bhainistiú, a chothabháil, a fhorbairt agus a athchóiriú.

Straitéis 3:

Oibriú le hUiscebhealaí Éireann le infreastruchtúr na n-uiscebhealaí a fheabhsú sa dá dhlínse.

Tacaíonn agus maoiníonn an Roinn seo, i gcomhar leis an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta i dTuaisceart Éireann go Bealtaine 2016 agus ansin leis an Roinn Infreastruchtúir agus CATT, Uiscebhealaí Éireann agus é i mbun na huiscebhealaí intíre a bhainistiú, a chothabháil, a fhorbairt agus a athchóiriú.

In 2016, chuir an Roinn seo maoiniú de €26.567m ar fáil d'Uiscebhealaí Éireann. Ar na torthaí ba mhó a baineadh amach le linn na bliana, bhí:

- Cothabháil leanúnach lena chinntiú gur fhan níos mó ná 90% d'uiscebhealaí i dtéarmaí tagartha Uiscebhealaí Éireann inseolta ar feadh séasúr bádóireachta 2016 (Aibreán go Deireadh Fómhair).
- Leanadh ar aghaidh le hobair chothabhála agus deisiúcháin ar fud na n-uiscebhealaí agus baineadh úsáid as acmhainní le deisiúcháin éigeandála a dhéanamh agus bainistiú uisce a chinntiú. Leanadh ar aghaidh le hoibreacha chun caoi a chur ar infreastruchtúr a ndearnadh damáiste dó le linn an gheimhridh 2016/2016 ar Loingseoireacht na Sionnaine agus athosclaíodh an t-uiscebhealach go Luimneach ó Chora an Phairtín i mí Lúnasa. Dheisigh foireann Uiscebhealaí Éireann trí mhórchliseadh breise ar bhruacha canálacha le linn 2016. Chuir an Roinn €3.188m breise d'acmhainní caipitil ar fáil le linn na bliana. Chuir an cistiú breise sin acmhainní ar fáil do chlár oibreacha le hinfreastruchtúr ar fud na n-uiscebhealaí a dheisiú. Ar líonra na gcanálacha tá tús curtha le clár chun geataí loic a dhéanamh, d'fhonn iad a chur in áit na ngeataí loic atá ar fud chóras na gcanálacha.

- Leanadh ar aghaidh le forbairt na mBealaí Gorma, i gcomhar le húdaráis áitiúla, chomh maith le cláir chun cumas a chothú, agus gníomhaíocht mhargaíochta chun cuairteoirí a mhealladh chun na Gormbhealaí;
 - Osclaíodh Gormbhealach na Sionainne-na hÉirne ar an 28 Bealtaine.
 - Tugadh cead pleanála agus fuarthas maoiniú do rian do chanúnna ar Loch Dearg.
 - Bhain 100,000 cuairteoir úsáid as Gormbhealach na Sionainne, a seoladh i mí Dheireadh Fómhair 2014 agus a mhéadaigh an úsáid a bhaintear as canáil Loch Aillionn.
 - Leanadh ar aghaidh leis an uasghrádú ar 38km den chosán tarraingthe ar an gCanáil Ríoga ó theorainn Mhaigh Nuad go Teorainn na hIarmhí agus 13.6km ó Dhroichead Draper go Droichead Áth an Longfoirt, An Chanáil Ríoga, le cabhair ó chistiú tríú páirtí.
- Dul chun cinn ar fhorbairt Chanáil Uladh go Caisleán Shandarsan: Tá Céimeanna 1 agus 2 curtha i gcrích. Tá measúnú tairisceana do Chéim 3, forbairt an uiscebhealaigh go Caisleán Shandarsan, á thabhairt chun críche faoi láthair agus cuireadh tús le hoibreacha ar an láthair in 2017.
- Comhpháirtíocht Ghlasbhealach Chanáil Uladh curtha ar bun le páirtithe leasmhara agus forbraíodh an tionscadal.
- Cistiú INTERREG VA faighte le deontas de €4.9m lena bhforbrófar 22km den chosán tarraingthe ar Chanáil Uladh.
- Tháinig méadú de 530 ar líon foriomlán na mbád cláraithe in 2016. Chuir bádóireacht phríobháideach níos mó ná €88m in aghaidh na bliana leis an ngeilleagar, le níos mó ná 8,000 bád cláraithe ar an tSionainn agus 6,000 bád ar uiscebhealach na hÉirne. Thuairiscigh baill Chumann Cíosa Bád na hÉireann méadú de 11% ar an ngnó in 2016, rud a chuir €50m in aghaidh na bliana leis an ngeilleagar, agus tagann níos mó ná 70% de na cuairteoirí ón mór-roinn.
- Ghlac níos mó ná 3,000 duine as pobail áitiúla ar na huiscebhealaí páirt in obair dheonach agus i gcur i gcrích tionscadal faoi Chlár Deontas Pobail an Phlean Oidhreachta, cuid de Phlean Oidhreachta Uiscebhealaí Éireann 2016-2020, a seoladh i mí Iúil 2016.
- Leanadh ar aghaidh le feachtas margaíochta agus promóisin Thionscnamh Dhúichí na Lochanna agus na nUiscebhealaí Intíre a chur i gcrích i gcomhpháirtíocht le Fáilte Éireann.
- Chuir Clár Urraíochta 2016 tacaíocht ar fáil do 121 imeacht, agus cuireadh 118 acu ar siúl. B'ionann an méid a íocadh isteach sa chlár urraíochta agus €185,000. Bunaithe ar thuairiscí iar-imeachta faighte go dtí seo, mheall na himeachtaí 138,000 cuairteoir chun na huiscebhealaí intíre agus, mar thoradh air sin, cuireadh os cionn €5.5m isteach sa gheilleagar áitiúil agus náisiúnta.
- Lean Uiscebhealaí Éireann ar aghaidh lena gcuid oibre chun tacú le forbairt ghnóthais, agus eisíodh naoi gceadúnas oibríochta in 2016 do ghnóthais nua ar na huiscebhealaí.
- Lean Uiscebhealaí Éireann leo freisin ag cur le Meitheal Comhordaithe Gníomhaireachtaí Stáit na Sionainne do Riosca i gcás Tuilte ag leibhéal lárnach agus ag leibhéal comhordaithe spéise speisialta.

Dul chun cinn in 2016 – Sprioc 5: Gnóthaí, Réigiúnacha agus Tuaithe

Comhordú a dhéanamh agus dul chun cinn a bhaint amach ar fhorfheidhmiú gníomhartha a thagann chun cinn de bharr beartais náisiúnta agus AE ar mhaithe le pobail tuaithe a fhorbairt.

Mar chuid de chlár an Rialtais chun tacú le forbairt na tuaithe, sheol an Roinn tionscnaimh áirithe lena n-áirítear CLÁR, Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte, Áineas Tuaithe agus REDZ (Crios Forbartha Geilleagraí Tuaithe) le linn 2016. Den chuid is mó, cuireadh na tionscnaimh i gcrích trí na húdaráis Áitiúla agus dáileadh níos mó ná €30m de chistiú ar raon leathan tionscadal ar fud na hÉireann mar thoradh orthu.

Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte

In 2016 cuireadh €9.88m ar fáil don Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, agus mar gheall air sin tacaíodh le 170 tionscadal ar fud na tíre.

Is é aidhm lárnach na scéime tacú le hathbheochan na mbailte agus na sráidbhailte chun feabhas a chur ar an timpeallacht cónaithe agus oibre na bpobal agus a n-acmhainneacht a mhéadú chun tacú le gníomhaíocht mhéadaithe gheilleagrach sa toadhcháí. Díriodh ach go háirithe ar bhailte agus sráidbhailte le daonra níos lú ná 10,000 duine. Is faoi na húdaráis áitiúla go príomha a bhí sé na cineálacha tionscadal a bheadh le maoiniú faoin tionscnamh seo a shainaitheint i gcomhpháirtíocht le pobail áitiúla.

REDZ 2016

Tar éis thionscnamh trialach na gCriosanna Forbartha Geilleagraí Tuaithe in 2015, seoladh an dara chéim den tionscnamh i mí Mheán Fómhair 2016. Faoi REDZ 2016, ceadaíodh €6.142m do 47 tionscadal ar fud na hÉireann. Ba scéim chómhainithe é REDZ 2016 idir an Roinn agus na húdaráis Áitiúla.

Faoi scéim REDZ 2016 tugadh cuireadh d'Údaráis Áitiúla tionscadail chúí a chur isteach lena mbreithniú. Bronnadh cistiú suas le 80% de chostas iomlán an tionscadail ar na tionscadail ar éirigh leo, agus tháinig an chuid eile den chistiú ó fhoinsí áitiúla (cistiú ó údarás áitiúil, ón earnáil phríobháideach nó cistiú pobalbhunaithe) le ranníocaíocht íosta de 5% airgead tirim.

Áineas Tuaithe

In 2016, chuir an Roinn Scéim um Infreastruchtúr Áineasa Faoin Aer i bhfeidhm lena cuireadh maoiniú ar fáil d'obair chothabhála, forbartha, feabhsaithe agus cur chun cinn ar an infreastruchtúr áineasa a bhí in Éirinn cheana féin. Maoiníodh 117 tionscadal ar fud na tíre leis an scéim, agus cuireadh cistiú iomlán de €7.4m ar fáil leis. Cuimsíodh raon fairsing tionscadal, ó infreastruchtúr cosáin ar scála beag go codanna de thionscadail níos mó i gcomhar le mórchuid na húdarás Áitiúil, Uiscebhealaí Éireann, Coillte agus lascaigh Intíre Éireann.

Lean an Roinn ar aghaidh freisin ag cur Scéim na Siúlóidí i bhfeidhm, lena cuimsítear úinéirí príobháideacha talún mar phríomh-rannpháirtithe i dtaboh cosáin ardchaighdeán a chur ar fáil trí conradh a thabhairt dóibh leis an obair chothabhála ar

na cosáin a dhéanamh i gcomhréir le pleananna oibre comhaontaithe. Tá Scéim na Siúlóidí i bhfeidhm faoi láthair ar 39 gcosán a fhaigheann tacaíocht ó 1,912 úinéirí talún agus tá sí á bainistiú ag sé Chomhlacht Forbartha Áitiúla déag ar fud na tíre. Ba ionann na híocaíochtaí a rinneadh leis na 1,912 rannpháirtithe sin do 2016 agus €1.8m.

CLÁR

Is ionann CLÁR (Ceantair Laga Ard-Riachtanais) agus clár infheistíochta spriocdhírthe lena gcuirtear maoiniú ar fáil do thionscadail infreastruchtúir mhionscála sna ceantair thuaithe inar tharla an laghdú daonra is mó. Cé gur seoladh an clár in 2004, dúnadh é le haghaidh iarratais nua in 2009.

Rinne Michael Ring, T.D., an tAire Stáit um Fhorbairt Réigiúnach ag an am, an clár a athbhunú in 2016. Díritear an clár nua ar thrí bheart ar leithligh:

- Beart 1: Bearta Sábháilteachta do Scoileanna agus d'Áiseanna Pobail/Spóirt
- Beart 2: Clóis Súgartha agus Limistéir Ilúsáide Cluichí
- Beart 3: Bóithre Rochtana Áitiúla.

In 2016 ceadaíodh maoiniú de €8.24m do raon iléagsúil tionscadal in áiteanna ar fud na tíre. San iomlán, ceadaíodh 651 tionscadal, idir shoilse sábháilteachta lasmuigh de líon mór bunscoileanna agus iarbhunscoileanna, áiseanna súgartha lasmuigh a fhorbairt agus áiseanna a bhí ann cheana a dheisiú agus a chothabháil.

Bailte Slachtmhara

Fuair comórtas na mBailte Slachtmhara, a fheidhmíonn an Roinn agus a fhaigheann maoiniú ó SuperValu, 859 iontráil in 2016.

Bhí searmanas bronnta ghradaim Náisiúnta na mBailte Slachtmhara ar siúl sa Helix, Baile Átha Cliath, agus d'fhreastail thart ar 1,000 oibrí deonach ó na Bailte Slachtmhara ar an ócáid. Ba Na Sceirí i gCo. Bhaile Átha Cliath a bhuaigh an duais fhoriomlán mar an Bhaile is Slachtmhaire in Éirinn. Bronnadh an duais don Bhaile is Feistiúla in Éirinn, comórtas Thuaidh/Theas, ar Bhruach Sheáin, Co. Aontroma in 2016.

Ghlac Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí agus Teach Srafáin i gCo. Chill Dara páirt sa chomórtas Entente Florale in 2016 agus ghnóthaigh siad an bonn Óir agus an bonn Airgid faoi seach. Ghlac Leitir Ceanainn páirt sa chomórtas Communities in Bloom.

Coimisiún Forbartha an Iarthair

Is faoi Choimisiún Forbartha an Iarthair (CFI) atá sé na buntáistí a bhaineann le bheith ag cónaí, ag obair agus ag déanamh gnó sa réigiún a chur chun cinn agus forbairt gheilleagar an réigiúin a spreagadh bunaithe ar fhorbairt inbhuanaithe a láidreachtaí agus a acmhainní.

Cuireann an CFI caipiteal riosca ar fáil freisin do mhicreaghnóthais, gnóthais bheaga agus meánghnóthais agus do ghnóthais shóisialta trí Chiste Infheistíochta an Iarthair

(CII). Bunaíodh é seo ar bhonn chiste imrothlaigh ionas go ndéanfaí gach fáltas a athinfheistiú i bhFiontair an Iarthair.

LEADER

Tacaíonn LEADER le fiontar príobháideach agus grúpaí pobail araon le tionscadail a chur i gcrích atá dírithe ar an gcaighdeán maireachtála a fheabhsú i gceantair thuaithe agus éagsúlú na gníomhaíochta eacnamaíche i gceantair thuaithe a spreagadh. B'idirbhliain a bhí ann do mhaoiniú LEADER in 2016 mar gheall go raibh deireadh ag teacht leis na tionscadail dheireanacha ó chlár LEADER 2007-2013 agus go raibh Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla (GGÁna) LEADER á roghnú le clár 2014-2020 a chur i gcrích.

Cuireadh tuairim is €7.6m ar fáil leis na tionscadail dheiridh a thabhairt chun críche faoi Chlár 2007-2013 agus le maoiniú idirthréimhseach a chur ar fáil do GGÁna LEADER le linn na tréimhe idir dheireadh an chláir dheireanaigh agus tús an chinn nua.

Is ionann an pacáiste maoiniúcháin foriomlán do Chlár LEADER 2014-2020 agus €250m. Tá an maoiniú sin á sholáthar do phobail áitiúla agus d'fhiontar áitiúil trí na GGÁna nua, a roghnaítear bunaithe ar chaighdeán na Straitéisí Forbartha Áitiúla a fhorbraíonn siad dá gceantair faoi seach. Clúdaítear an costas a bhaineann le forbairt na straitéisí sin faoin gClár. Roghnaíonn an GGÁ tionscadail le maoiniú bunaithe ar na cuspóirí atá leagtha amach i ngach straitéis aonair. Bíonn na cuspóirí sin laistigh de raon téamaí sainithe lena n-áirítear forbairt fiontair agus cruthú post, forbairt bhailte tuaithe, ionchuimsiú sóisialta agus an comhshaol.

Cuireadh tríocha a dó Straitéis Forbartha Áitiúla faoi bhráid lena mbreithniú do na 28 gceantar fo-réigiúnach in Éirinn. Rinne Pobal measúnú ar na straitéisí sin sular seoladh ar aghaidh iad chuig Coiste Roghnúcháin Neamhspleách le haghaidh measúnú deiridh agus cinneadh. Tá straitéisí roghnaithe anois i ngach ceantar fo-réigiúnach agus Comhaontuithe Maoiniúcháin sínithe le 28 Grúpa Gníomhaíochta Áitiúil do chur i gcrích LEADER i ngach ceann de na 28 ceantar fo-réigiúnach in 2016. Sheol an Roinn an dara próiseas roghnúcháin straitéise do Ghailimh thoir, arb é an ceantar tuaithe amháin in Éirinn é nach bhfuil clúdaithe ag ceann de na 28 straitéisí atá roghnaithe cheana. Táthar ag súil leis go ndéanfar straitéis a chur i gcrích agus a roghnú don cheantar seo i nGaillimh in 2017.

Bhí Grúpaí Gníomhaíochta Áitiúla gníomhach ina dhiaidh sin leis an méid seo a leanas:

- clár LEADER a chur chun cinn i bpobail áitiúla;
- Léirithe Spéise a fháil i dtaca le maoiniú; agus
- obair le tionscnóirí féideartha tionscadal le hiarratais a chur i gcrích a bhí forbartha agus costáilte go hiomlán.

Faoi dheireadh 2016, bhí níos mó ná 2,000 Léiriú Spéise faighte i dtaca le maoiniú de tuairim is €97m agus bhí na chéad iarratais faofa.

Anuas ar fheidhmiú céimneach chlár LEADER, sheol an Roinn gairm náisiúnta ar

thionscadail chomhoibríthe LEADER le buiséad de €3 mhilliún ar fáil. Is ionann Comhoibriú LEADER agus gné shonrach den Chlár Forbartha Tuaithe a ceapadh chun spreagadh a thabhairt do GGÁna oibriú le chéile ar chomhthionscadal atá ina dhíol comhspéise ag gach réimse rannpháirteach. Mar chuid de Chomhoibriú, ní mór go dtiocfaidh comhpháirtíocht de dhá GGÁ nó níos mó as dhá réimse éagsúil - laistigh d'Éirinn nó go hidirnáisiúnta - le chéile chun tionscadail a chur i gcrích a theánn chun tairbhe dá bpobail áitiúla. Tháinig an seoladh sna sála ar chomhdháil Thuaidh-Theas le comhoibriú idir Ghrúpaí Gníomhaíochta Áitiúla LEADER a chur chun cinn ar fud an oileáin.

Cur i bhFeidhm maidir le hOifigí Poist agus Leathanbhanda

Príomhghnóthachtálacha agus Príomhthionscnaimh 2016

Bunaíodh Aonad Forfheidhmiúcháin Leathanbanda agus Líonra na nOifigí Poist sa Roinn i mí Aibreáin 2016 le cur le sprioc na Roinne i dtaca le forbairt inbhuanaithe réigiúnach agus tuaithe a éascú mar atá leagtha amach sa Chlár don Rialtas Comhpháirtíochta.

Is príomhchuspóir an Aonaid é pobail a ullmhú do theacht an leathanbhanda ardluais trí theagmháil ghníomhach dhíríthe a dhéanamh le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear údaráis áitiúla, le bacainní ar fheidhmiú céimneach an bhonneagair teileacumarsáide a réiteach. Tá an tAonad ag obair le húdaráis áitiúla freisin le straitéisí digiteacha a fhorbairt do cheantar gach údaráis áitiúil. D'oibrigh an tAonad freisin le tacú le An Post agus é á chur féin in oiriúint do thimpeallacht gnó atá ag athrú.

Plean Náisiúnta Leathanbhanda

Sa *Chlár don Rialtas Comhpháirtíochta* tá gealltanas go gcabhróidh an Roinn leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil i dtaca le feidhmiú céimneach leathanbhanta ardluais nuair atá an conradh/na conarthaí don Plean Náisiúnta Leathanbhanda (NBP) bronnta. Áiríonn na príomhthionscnaimh ar tugadh fúthu in 2016:

- Dhá Ghrúpa Gníomhaíochta a bunaíodh i dtaca le Leathanbhanda Réigiúnach, rud a thagann leis an dá bheart soláthair sa phróiseas soláthair NBP, agus a chuimsíonn na 31 údaráis áitiúil. Is ionann cuspóir na nGrúpaí Gníomhaíochta Réigiúnacha agus cinnte a dhéanamh go bhfuil gach údaráis áitiúil ullmhaithe go hiomlán leis an tairgeoir/na tairgeoirí a n-éiríonn leo a éascú le tús a chur leis an obair chomh luath is atá an próiseas soláthair curtha i gcrích agus na conarthaí sínithe. Le linn 2016 tháinig na Grúpaí Gníomhaíochta Réigiúnacha le chéile ceithre huair.
- Maoiniú a cuireadh ar fáil le 27 Oifigeach Leathanbhanda a cheapadh le gníomhú mar phointe teagmhála aonair in údaráis áitiúla do chomhlachtaí teileacumarsáide.
- Rinneadh measúnú ar níos mó ná 400 Mol Straitéiseach Rochtana Pobail agus ceadaíodh iad d'fhonn iad a chur i dtosaíocht lena gceangal le leathanbhanda

ardluais le linn an fheidhmithe chéimnigh agus cuirfidh siad rochtain shaor in aisce ar leathanbhanda ardluais ar fáil do phobail tuaithe.

An Tascfhórsa Fón Póca agus Leathanbhanda

Sa *Chlár don Rialtas Comhpháirtíochta 2016* tugadh gealltanas freisin go ndéanadh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta Tascfhórsa Fón Póca agus Leathanbhanda a bhunú. Ba é ról an Tascfhórsa réitigh a fhiosrú chun aghaidh a thabhairt ar easpaí raon clúdaigh leathanbhanda/fón póca agus gníomhartha inláimhsithe a shainaitheint a d'fhéadfaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhísí leathanbhanda agus fón póca a bhí á gcur ar fáil do shaoránaigh ar fud na hÉireann.

Foilsíodh Tuarascáil an Tascfhórsa Fón Póca agus Leathanbhanda i mí na Nollag 2016. Sa tuarascáil leagtar amach moltaí agus 40 gníomh inláimhsithe le bacainní ar ghlacadóireacht fón póca agus ar an rochtain ar leathanbhanda a mhaolú roimh chur i bhfeidhm céimneach an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda.

Oifigí Poist

Is polasaí an Rialtais gur cheart do An Post leanúint ar aghaidh mar chomhlacht láidir, inmharthana atá in ann seirbhís ardchaighdeáin poist a chur ar fáil agus líonra náisiúnta d'oifigí poist dírithe ar chustaiméirí a chothú sna pobail. Sa *Chlár don Rialtas Comhpháirtíochta* tugadh gealltanas gníomhú de réir mholtaí uile thuarascáil dheiridh Ghrúpa Forbartha Gnó Líonra na nOifigí Poist.

Bunaíodh dhá mheitheal le dul chun cinn a bhaint amach ar na moltaí a d'éascair as tuarascáil an Ghrúpa Forbartha Gnó; eadhon, an Grúpa Forfheidhmithe um Athnuachan Líonra na nOifigí Poist, faoi chathaoirleacht Bobby Kerr, agus an Grúpa Oibre um Postoifigí Moil faoi chathaoirleacht an Aire Stáit ag an am, Michael Ring T.D.

Rinne Grúpa Athnuachana an Líonra scrúdú ar shaincheisteanna áirithe a bhain le líonra na nOifigí Poist, lenar áiríodh líon agus scaipeadh na n-oifigí poist, nuachóiriú brainsí, athchóirí táirgí agus seirbhísí, agus conarthaí na máistrí poist. Chuir an tUasal Kerr a thuarascáil dheiridh faoi bhráid An Post i mí na Nollag 2016.

Ba é ról an Ghrúpa Oibre um Postoifigí Moil samhlacha féideartha a shainaitheint faoin bhféadfadh na hoifigí poist feidhmiú mar lárionaid phobail, go háirithe i gceantair thuaithe. Chuir an Grúpa Oibre sin a chuid oibre i gcrích i Mí na Nollag. In 2017 aistríodh an fhreagracht as Líonra na nOifigí Poist go dtí an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

Sa *Chlár don Rialtas Comhpháirtíochta* tá gealltanas freisin fiosrú iomlán a dhéanamh, i measc roghanna eile, ar shamhail Sparkassen na Gearmáine i dtaca le bancanna áitiúla poiblí a fhorbairt a fheidhmíonn laistigh de réigiúin dhea-shainithe. Tá clár oibre comhaontaithe leis an Roinn Airgeadais agus, i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha, leanadh ar aghaidh ag fiosrú an tsamhail in 2017. Feictear go gcuirfear an obair i gcrích faoi lár 2017.

Straitéis Tuaithe

Sa *Chlár don Rialtas Comhpháirtíochta* a foilsíodh i Mí na Bealtaine 2016 aithníodh forbairt agus athnuachan cheantar tuaithe na hÉireann mar phríomhthosaíocht. I ndiaidh í a cheapadh, thug an Taoiseach sainordú don Aire Humphreys *Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe* nua a fhorbairt d'fhonn dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta a bhrú chun cinn i gceantair thuaithe. Bhí sé i gceist ag an Rialtas go mbeadh an Plean Gníomhaíochta ina struchtúr foriomlán le tionscnaimh ar fud an Rialtais a d'fhéadfadh dul chun tairbhe do cheantar tuaithe na hÉireann a chomhordú agus a chur i bhfeidhm.

Cuireadh tús le hullmhú an Phlean Gníomhaíochta sa dara leath de 2016, agus tugadh faoi phróiseas fairsing comhairliúcháin. I mí Mheán Fómhair, rinneadh sraith cruinnithe a réachtáil le príomhpháirtithe leasmhara lena áiríodh grúpaí feirmeoireachta, grúpaí iascaireachta, Teagasc, Macra na Feirme, Údarás na Gaeltachta, ÚFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann, Coimisiún Forbartha an Iarthair, Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann, Naisc Tuaithe na hÉireann agus Uiscebhealaí Éireann. Rinneadh seisiún eolais a réachtáil an mhí sin freisin do bhaill den Oireachtas ar tugadh cuireadh dóibh moltaí a chur isteach lena mbreithniú i dtaca leis an bPlean. I mí Dheireadh Fómhair 2016, rinneadh sé cheardlann struchtúrtha a réachtáil ar fud na tíre le hionadaithe as grúpaí pobail áitiúla, Rialtas Áitiúil, páirtithe leasmhara tuaithe, agus comhlachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha Stáit.

Rinneadh teagmháil freisin le gach Roinn Rialtais agus gach Gníomhaireacht Stáit i dtaca le hullmhú an Phlean Gníomhaíochta d'fhonn gníomhartha a aithint ar fud raon iomlán feidhmeanna an Rialtais. Foilsíodh an Plean Gníomhaíochta i Mí Eanáir 2017.

Cúrsaí Corparáideacha

Acmhainní Daonna

D'fhógair an Taoiseach ar an 6 Bealtaine 2016 go ndéanfaí Roinn nuachumraithe Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe ag Gaeltachta a bhunú. Bheadh an Roinn nuachumraithe freagrach as feidhmeanna uile na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta mar a bhí agus, ina theannta sin, bheadh freagracht uirthi as feidhmeanna faoi leith a bhí ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha roimhe sin.

Ag deireadh 2016 bhí 607 ball foirne (coibhéis lánaimseartha) sa Roinn nuachumraithe, i gcomparáid le 548 sa leagan den Roinn a bhí ann roimhe sin ag deireadh 2016.

Tacaíodh le hoiliúint agus forbairt na foirne trí raon gníomhaíochtaí lenar áiríodh cúrsaí oiliúna foirmeálta, forbairt sláinte agus sábháilteachta, forbairt ghairmiúil, oiliúint speisialaithe, aisíoc táillí acadúla, freastal ar chomhdhálacha agus seimineáir agus aisíoc táillí ballraíochta gairmiúla. Trí ghníomhaíochtaí oiliúna agus forbartha dá leithéid, rinne an Roinn cinnte go raibh an t-eolas, na scileanna agus an t-iompar riachtanach ag an bhfoireann le feidhmíocht eagraíochtúil a chothabháil agus le cuspóirí gnó a bhaint amach.

Teicneolaíocht Faisnéise

Seoladh suíomh gréasáin nua na Roinne i Meán Fómhair 2016. B'fhoireann ilréimsiúil a d'fhorbraigh an suíomh gréasáin agus tá sé dírithe ar rochtain éasca a thabhairt don úsáideoir ar eolas faoin Roinn agus faoina seirbhísí. Tá méadú suntasach ag teacht i gcónaí ar an trácht a fhaigheann an suíomh ó seoladh é.

Ainmníodh an suíomh dátheangach do ghradam ag Gradaim Ríomhsheirbhísí an Rialtais 2016 chomh maith le Bunachar Logainmneacha na hÉireann (www.logainm.ie) arna fhorbairt ag Fiontar, DCU agus Brainse Logainmneacha na Roinne.

Rialachas Corparáideach & Seirbhísí Corparáideacha

Tá an Roinn tiomanta do sheirbhís éifeachtacht, éifeachtúil, ar ardchaighdeán a chur ar fáil dá custaiméirí. Tá *Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí* na Roinne agus *An Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí* ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Saoráil Faisnéise agus Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

Idir an 1 Eanáir 2016 agus an 31 Nollaig 2016, fuair an Roinn 169 iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. As an 169 iarratas, bronnadh 45 acu san iomlán, bronnadh 47 acu i bpáirt agus diúltaíodh do 40 n-iarratas. Tarraingíodh siar, nó láimhsíodh lasmuigh den Acht um Shaoráil Faisnéise, 37 iarratas ar fad.

Idir an 1 Eanáir 2016 agus an 31 Nollaig 2016, fuair an Roinn 39 iarratas faoi na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol. As an 39 iarratas, bronnadh 22 acu san iomlán ar deireadh thiar, bronnadh 8 acu i bpáirt agus diúltaíodh do 5 n-iarratas. Tarraingíodh siar, nó láimhsíodh lasmuigh de rialacháin AIE, 4 iarratas ar fad.

Aguisín 1
Clár an Rialtais 2011-2016
Gealltanais a bhaineann leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta,
Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta

Is gealltanais iad na cinn a ndéantar tagairt dóibh anseo, i ndáil le *Clár an Rialtais 2011-2016*, gealltanais a bhfuil freagracht cheannasaíochta ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta astu.

Na hEalaíona, Cultúr agus Spórt

Beidh ceapadh polasaí straitéiseach ina phríomhfheidhm ag an Roinn, le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí líne freagrach as forfheidhmiú polasaí.

Spreagfaimid an Chomhairle Ealaíon chun leanúint le hacmhainní a thiomnú do chamchuartheanna chun infheistíocht an Stáit in infreastruchtúr réigiúnach ealaíon ar fud na tíre a chosaint agus chun deiseanna turasóireachta cultúrtha a thabhairt chuig bailte agus sráidbhailte ar fud na tíre.

Comhoibreoimid le páirtithe leasmhara i bpobal na n-ealaíon chun tograí nua a fhorbairt a bheidh dírithe ar thacaíocht phríobháideach a chothú do na healaíona in Éirinn, ag féachaint ar dheiseanna daonchairdis, urraíochta nó ciste dearlaice.

Déanfaimid ócáid dhá uair in aghaidh na bliana de Thionscnamh na hOíche Cultúir, agus tabharfaimid isteach Lá Comóraidh Chiste an Chrannchuir Náisiúnta, sa chaoi is go n-oscloídh na háiseanna ar fad a fuair cistiú ón gCrannchur Náisiúnta a ndoirse don phobal saor in aisce.

Déanfaimid athbhreithniú freisin ar uaireanta oscailte ár bhforais chultúrtha náisiúnta.

Forbróimid plean cultúrtha d'ócáidí cuimhneacháin amach anseo, cosúil le Cuimhneachán Céad Bliain Éirí Amach na Cásca 2016.

Cuirfimid turasóireacht ghinealais chun cinn tríd an Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta a thabhairt chun dáta i ndáil leis an Oifig Ginealais chun í a chur ar bhonn ceart reachtúil, chun a cuid oibriúcháin a nuachóiriú agus chun go bhféadfar Daonáireamh 1926 a fhoilsiú chun turasóireacht ghinealais a spreagadh.

Breathnóimid ar dheiseanna daonchairdis freisin chun cartlann náisiúnta agus ceantar ginealais a fhorbairt, chun go mbeidh sé níos éasca teacht ar chartlanna agus chun teacht i dtír ar réimse den turasóireacht chultúrtha a bhfuil spéis mhór ag an Diaspóra mór Éireannach inti.

Spreagfaimid comhoibriú níos fearr idir na húdaráis áitiúla chun cuidiú a chur ar fáil nuair is féidir do na húdaráis áitiúla nach bhfuil Oifigeach Ealaíon acu faoi láthair de bharr srianta ar earcaíocht agus chun comhoibriú le deiseanna turasóireachta cultúrtha a fhorbairt.

Déanfaimid iarracht leas poiblí éigin a bhaint as NAMA trí fhoirgnimh nach bhfuil aon fhéidearthacht thráchtála ag baint leo a shainithint agus a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach mar áiseanna áitiúla ealaíon agus cultúir.

Fillfidh an fhreagracht as cinnteoireacht ar an Roinn, agus beidh gníomhaireachtaí freagrach as polasaithe a chur i bhfeidhm agus as torthaí agus luach ar airgead a mheas.

An Ghaeilge agus an Ghaeltacht

Tacóimid leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 agus cuirfimid na spriocanna agus na haidhmeanna insroichte atá inti i gcrích.

Bainfidh ceantair Ghaeltachta leas as an bplean gníomhaíochta post a bhfuil cur síos déanta air sa cháipéis seo. Foinár gcuid moltaí, cuirfimid ionchais cruthaithe fostaíochta nua ar fáil do na ceantair Ghaeltachta. Déanfaimid infheistíocht in infreastruchtúr fuinnimh, leathanbhanda agus uisce, ag cruthú an infreastruchtúir a theastaíonn chun gnóthaí agus poist nua a mhealladh agus chun tacú leo. Tacóimid go láidir freisin leis an bhféidearthacht i ndáil le poist i ngníomhaíochtaí turasóireachta agus mara. Leanfaimid le tacaíocht a thabhairt d'earnáil chraolacháin agus ealaíon na Gaeilge.

Déanfaimid athbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla chun a chinntiú go mbainfear an leas is fearr as caiteachas ar an teanga chun an teanga a fhorbairt agus chun a chinntiú go bhforchuirtear dualgas go cuí de réir éilimh ó shaoránaigh.

Déanfaimid athbhreithniú ar chláir reatha infheistíochta agus mhaoinithe a mbaineann eagraíochtaí Gaeilge leas astu chun luach ar airgead a bheidh infheicthe a bhaint amach do shaoránaigh agus chun torthaí inlámhsithe a bhaint amach ar bhonn trédhearcach.

Oidhreacht Nádúrtha

Ceadóimid díolúine ar bhaint móna baile ar 75 suíomh oidhreachta nádúrtha faoi réir chód comhaontaithe náisiúnta ar chleachtais chomhshaoil a thabhairt isteach.

Cuirfimid idirghabháil neamhspleách ar bun idir na páirtithe leasmhara ábhartha ar fad leis an aidhm shonrach de réiteach a éascú do 55 portach sainainmnithe ar cheantar faoi chaomhnú speisialta.

Cuirfimid idirghabháil neamhspleách ar bun chun réiteach a fháil ar shaincheisteanna nach bhfuil réitithe go fóill agus a bhaineann le baint móna ar bhratphortaigh.

Lorgóidh muid tacaíocht an Oireachtais le haghaidh Scéim nua Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte chun tacú le hathbheochan ár mbailte agus ár sráidbhailte agus timpeallacht maireachtála agus oibre a fheabhsú sna pobail. Trí úsáid a bhaint as an €30 milliún atá ar fáil ón mbliain seo ag na húdaráis áitiúla le haghaidh athbheochan bhailte agus sráidbhailte, féachfaidh an scéim, i measc nithe eile, le tarraingteacht agus inbhuanaitheacht ár mbailte agus ár sráidbhailte a fheabhsú mar áiteanna le cónaí iontu agus le bheith ag obair iontu. (Gníomh Bhliain 1)

Tacóimid le hAire nua Rialtais agus an Roinn [Forbartha Réigiúnaí agus Gnóthaí Tuaithe] chun comhordú polaitiúil níos fearr a chur ar fáil agus beartú tosaíochta níos fearr ar obair Ranna eile i réimsí ábhartha a mbíonn tionchar acu ar cheantair thuaithe na hÉireann. Cruthóidh an tAire fóram tí imréitigh le fiosrú a dhéanamh ar na smaointe is fearr le dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta a bhrú chun tosaigh faoin tuath in Éirinn agus oibreoidh an tAire chun na moltaí is fearr a chur i bhfeidhm leis an gcuid eile den Rialtas.

Déanfaidh muid ról Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) a threisiú freisin, ionas go dtacóidh sé le cur chun feidhme phleananna réigiúnacha do phoist san Iarthar agus san Iarthuaisceart. Mar chuid de sin, tabharfar sainordú sonrathach don WDC chun forbairt líonraí fiontar a spreagadh sa dá réigiún sin agus chun cuir chuige nuálacha i leith fhorbairt a spreagadh. Tógfaidh sé sin ar an leithdháileadh de €2 mhilliún de mhaoiniú breise a rinneadh le déanaí chun tacú le forbairt eacnamaíoch réigiúnach in Iarthar na hÉireann, rud a riarfaidh an WDC ar fud líon áirithe tionscadal forbartha eacnamaíche.

Leanfaidh grúpaí LEADER leo lena ról lárnach in athbheochan phobail ar fud na hÉireann agus tá an Rialtas Comhpháirtíochta nua tiomanta don mhaoiniú do chlár LEADER a mhéadú. Oibreoidh muid le húdaráis áitiúla, grúpaí gníomhaíochta áitiúla agus pobail áitiúla lena chinntiú go n-úsáidfear maoiniú LEADER leis an tairbhe is mó is féidir a bhaint amach do phobail ar fud na tíre. Ina theannta sin, cuirfidh muid maoiniú caipitil níos iomaíche ar fáil chun deis a thabhairt do ghrúpaí LEADER tairiscint a dhéanamh le haghaidh acmhainní breise do na tionscadail is fearr a thacaíonn le forbairt eacnamaíoch tuaithe.

Ag tógáil ar an €3 mhilliún curtha ar fáil chun tacú le tionscnaimh CEDRA, cuirfidh muid na moltaí i dtuarascáil CEDRA agus an Chairt Tuaithe nua i bheidhm mar is cuí; d'fhonn tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'fhorbairt fhadtéarmach cheantair thuaithe na hÉireann. Rachaidh an tAire nua (um Fhorbairt Réigiúnach agus Ghnóthaí Tuaithe) i gceannas ar chur i bhfeidhm thuarascáil CEDRA.

Laistigh den Roinn nua (Forbartha Réigiúnaí agus Gnóthaí Tuaithe), cuirfear aonad comhordaithe le chéile chun dul i mbun oibre le pobail d'fhonn struchtúir chomhoibríoch a fhorbairt le seirbhísí rithábhachtacha áitiúla a choinneáil agus fiontair bheoga áitiúla a choinneáil agus a fhorbairt.

Cuirfidh an Rialtas nua forbairt chothrom náisiúnta i gcrích. Bealach amháin ina mbainfear an sprioc sin amach ná trí dhóthain de scála a chruthú in Iarthar na hÉireann, trí Chonair

Eacnamaíochta Atlantaigh, chun ceantair eile a mheaitseáil i bhforbairt infreastruchtúir, i

mealladh infheistíocht Éireannach agus ilnáisiúnta, mar aon le líon na bpost agus an tsaibhris a mhéadú sna pobail áitiúla.

Leis an sprioc sin a bhaint amach forbróidh an tAire nua Scéim nua Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte le hionchur ón Oireachtas in am do Cháinainéis 2017. Mar chuid den scéim seo molfaidh muid maoiniú breise a gheallúint chun tacú le forbairt bhailte agus sráidbhailte tuaithe, mar phríomh-thosaíocht chun ceantair thuaithe na hÉireann a athbheochan.

Mar chuid den mhaoiniú breise sin, méadfaidh muid an maoiniú atá ar fáil do Scéim na Siúlóidí Tuaithe faoi dhó ó €2 mhilliún go €4 mhilliún rud a mhéadóidh líon na siúlóidí a chlúdófar ó 40 go 80.

Tar éis chur i gcrích an phróisis tairisceana agus bronnadh an chonartha, atá beartaithe do Mheitheamh 2017, oibreoidh an Rialtas nua leis na buaiteoirí le luas a chur faoi chur i bhfeidhm céimneach an infreastruchtúir an bhliain seo chugainn. Oibreoidh muid le comhairlí áitiúla le tascfhórsaí leathanbhanda a bhunú chun cabhrú le feidhmiú céimneach infreastruchtúir tráchtála agus infrestruchtúir an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda i ngach ceantar contae. Tabharfar tuairisc go rialta don Choiste ábhartha Rialtais maidir le dul chun cinn an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda.

Gníomhóidh an Rialtas nua go sciobtha maidir le moltaí Ghrúpa Forbartha Gnó na nOifigí Poist trí thacaíocht a thabhairt do thabhairt isteach agus feidhmiú céimneach ag An Post de 'Chuntas Ríomhíocaíochta' in 2016, chun gníomhaíocht na n-oifigí poist i seirbhísí airgeadais a fheabhsú agus líon na gcustaiméirí a mhéadú.

Déanfaidh muid dul chun cinn freisin ar shamhail nua baincéireachta pobail trí iarraidh ar An Post agus Cumann na gComhar Creidmheasa, chomh maith le haon pháirtithe leasmhara eile, samhail nua baincéireachta pobail a fhiosrú agus a mholadh lena gcuirfí tacar seirbhísí baincéireachta ar fáil trí líonra mór na nOifigí Poist. D'fhéadfadh sé seo bheith bunaithe ar shamhail Kiwibank na Nua-Shéalainne, áit a ndéanann an banc, atá faoi úinéireacht na nOifigí Poist, tacar comhtháite seirbhísí airgeadais a chur ar fáil, ó iasachtaí pearsanta agus cuntais bainc go cártaí creidmheasa, baincéireacht ghnó agus árachas. Déanfaidh muid fiosrú iomlán ar shamhail Sparkassen na Gearmáine i dtaca le bancanna áitiúla pobail a fhorbairt a fheidhmíonn laistigh de réigiúin dhea-shainithe.

Fiosróidh an Rialtas nua freisin an fhéidearthacht a bhaineann le seirbhísí mótarcháin agus seirbhísí eile Stáit a sholáthar in oifigí poist.

Bunóidh muid grúpa oibre chun an fhéidearthacht a shainiú atá ag oifigí áitiúla poist feidhmiú mar 'lárionaid' d'fhonn seirbhísí eile a éascú ar nós sláinte agus iompar agus bheith mar ionad ilfhreastail do sheirbhísí Rialtais.

Tacóidh muid freisin le próiseas athnuachana líonra na n-oifigí poist a bhunú, d'fhonn tógáil ar an straitéis 5 bliana atá ag An Post don líonra.

Tá an Rialtas tiomanta do leanúint leis an bpróiseas reatha ina bhfuil na páirtithe leasmhara uile páirteach, lena n-áirítear an SPNF, eolaithe ceaptha ag an Rialtas agus an TCCA. Déanfaidh an Rialtas gach is féidir leis chun an próiseas sin a éascú agus a luathú, lena n-áirítear achainní breise a chur ar fáil, d'fhonn rogha mhalartach chomhaontaithe réasúnta a thabhairt don lucht bainte móna, a mbeidh sé mar aidhm leis dul chun cinn substaintiúil a dhéanamh le linn shaolré an Rialtais seo.

Foilseoidh an Rialtas reachtaíocht nua le 46 NHA a dhí-ainmniú laistigh den chéad 100 lá den Rialtas.

Tá an Rialtas tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh ar an amchlár do chur i bhfeidhm ghníomhartha a bhaineann le NHA-anna i gcomhairle leis an AE.

Tá an Rialtas tiomanta do thógáil ar an dul chun cinn atá déanta cheana maidir le SACanna agus leanfaidh sé ar aghaidh le luathú an phróisis athlonnaithe.

Tabharfaidh muid isteach scéim nua deontais bheaga le huasghrádú riachtanach a dhéanamh ar ionaid réigiúnacha ealaíon agus cultúir agus tacú leis an gComhairle Oidhreachta.

Tabharfaidh muid freagra ar thuarascáil Choimisiún Forbartha an Iarthair, Creative West, laistigh de thrí mhí.

Cuirfidh muid borradh freisin faoi thacaí le hiasachtaí méadaithe a éascú idir ár bhForais Chultúir Náisiúnta agus líonra ár músaeim réigiúnacha.

Leathnóidh muid Tionscnamh na mBailte Stairiúla freisin ionas go gcuirfear tuilleadh bailte san áireamh leis.

Tacóidh muid le hoidhreacht thraidisiúnta na litríochta, an cheoil, na hamhránaíochta & an damhsa.

Chun cabhrú le forbairt Ghlasbhealaí, forbróidh an tAire Iompair treoirlinnte náisiúnta do chomhairliúchán poiblí, pleanáil agus tógáil na nGlasbhealaí mar threoir d'údaráis agus ghníomhaireachtaí áitiúla.

Leanfaidh an Rialtas nua ar aghaidh ag déanamh comóradh ar na himeachtaí is suntasaí i stair an Stáit, ag cinntiú gur cuimhneacháin uileghabhálacha iad agus go gcuireann siad lenár dtuiscint ar ár stair chomhroinnte, go háirithe i measc pháistí agus dhaoine óga, ionas go mbeidh tionchar bríoch fadtéarmach acu.

Déanfaidh muid Plean Náisiúnta Oidhreachta nuashonraithe a chur le chéile agus a fhoilsiú lena leagfar amach polasaithe do chosaint agus chur chun cinn ár n-oidhreacht

thógtha agus nádúrtha agus lena dtabharfar aghaidh ar dhúshláin san earnáil oidhreachta.

Cuirfidh muid Coinbhinsiún UNESCO maidir le Caomhnú na hOidhreachta Doláimhsithe i ngníomh freisin ionas go dtabharfar aitheantas agus stádas UNESCO do shócmhainní oidhreachta cultúrtha na hÉireann, ar nós iománaíocht, ceol na bpíbe uilleann agus Cnuasach Bhéaloideas Éireann in UCD.

Méadú a bhaint amach diaidh ar ndiaidh ar mhaoiniú do na healaíona, lena n-áirítear don Chomhairle Ealaíon agus do Bhord Scannán na hÉireann, de réir mar a thagann feabhas ar an ngeilleagar

Cuirfear Cairt na nEalaíon san Oideachas i bhfeidhm, lena gcuirfear deis gan fasach ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga páirt a ghlacadh ar bhealach réamhghníomhach bríomhar sna healaíona san oideachas in Éirinn

Spreagfar gach údarás áitiúil le ról na n-oifigeach ealaíon agus oidhreachta a threisiú. Forbróidh muid naisc níos láidre idir oifigigh ealaíon agus oidhreachta, Oifig na nOibreacha Poiblí, Fáilte Éireann, an Chomhairle Ealaíon chomh maith le hOifigí Fiontair Áitiúil, le deiseanna a fhorbairt agus a chur chun cinn do thurasóireacht ealaíon agus chultúrtha

Tabharfaidh muid isteach scéim nua deontais bheaga le huasghrádú riachtanach a dhéanamh ar ionaid réigiúnacha ealaíon agus cultúir, lena n-áirítear amharclanna réigiúnacha

Tús áite a thabhairt d'fhoilsiú 'Culture 2025 - Éire Ildánach', an chéad pholasáí cultúir náisiúnta. Breithneofar ann raon de cheisteanna tábhachtacha, lena n-áireofar: tacú le healaíontóirí agus lucht cruthaitheachta, rochtain ar an gcultúr a fheabhsú, bacainní a shárú maidir le heisiamh agus míbhuntáiste sóisialta, agus an mbealach ina ndéantar an cultúr a shaibhriú le héagsúlacht chultúrtha mhéadaithe. Tá Culture 2025 - Éire Ildánach á fhoilsiú tar éis phróiseas comhairliúcháin phoiblí le páirtithe leasmhara ábhartha

Borradh a chur faoi thacaí le hiasachtaí méadaithe a éascú idir ár bhForais Chultúir Náisiúnta agus líonra ár músaeim réigiúnacha

Dul i mbun oibre le Bord Scannán na hÉireann/Fís Éire chun a chinntiú go mbainfear an leas is mó is féidir as Éirinn mar áit le haghaidh léiriúcháin idirnáisiúnta scannán

Tacú le scéim infheistíochta oidhreachta tógtha ar bhonn bliantúil chun tacú le caomhnú struchtúr oidhreachta agus athghineadh cheantair uirbeacha agus thuaithe

Déanfaimid naisc láidre a spreagadh idir an bpobal gnó agus eagraíochtaí ealaíon, naisc a théann chun tairbhe don dá pháirtí. Beidh an cur chuige sin bunaithe ar chuidiú a thabhairt d'eagraíochtaí ealaíon an leas is mó is féidir a bhaint as deiseanna urraíochta, agus comhpháirtíochtaí gnó agus scileanna tiomsaithe airgid a fhorbairt.

Tá an Ghaeilge ríthábhachtach dár n-oidhreacht agus dár gcultúr. Ní mór don Rialtas nua an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge a chur i bhfeidhm go córasach, líon na ndaoine a úsáideann Gaeilge gach lá a mhéadú agus cinnte a dhéanamh go mbeidh an Ghaeilge níos feiceálaí i sochaí an lae inniu, mar theanga labhartha agus i réimsí ar nós chomharthaíocht agus litríocht araon.

Díriú ar chruthú post sa Ghaeltacht, trí Údarás na Gaeltachta

Freastal ar réamhscoileanna lán-Ghaeilge nó naíonraí i gceantair Ghaeltachta a spreagadh

Aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le stádas na Gaeilge mar theanga iomlán oibre de chuid institiúidí an AE agus oibriú i dtreo deireadh a chur leis an maolú, de réir mar is féidir agus infheistíocht sa Ghaeilge a mhéadú.

Aguisín 2: Gníomhaireachtaí agus Comhlachtaí a mhaoinítear as Vóta na Roinne

Comhlacht	Suíomh Gréasáin	Seoladh
An Coimisinéir Teanga	www.coimisineir.ie	An Coimisinéir Teanga An Spidéal Co. na Gaillimhe
An Chomhairle Ealaíon	www.artscouncil.ie	An Chomhairle Ealaíon 70 Cearnóg Mhuirfean Baile Átha Cliath 2
Leabharlann Chester Beatty	www.cbl.ie	Leabharlann Chester Beatty Caisleán Bhaile Átha Cliath Baile Átha Cliath 2
Áiléar Crawford	www.crawfordartgallery.com	Áiléar Crawford Plás Emmet Corcaigh
Foras na Gaeilge	www.gaeilge.ie www.forasnagaeilge.ie	Foras na Gaeilge 7 Cearnóg Mhuirfean Baile Átha Cliath 2
An Chomhairle Oidhreachta	www.heritagecouncil.ie	An Chomhairle Oidhreachta Áras na hOidhreachta Lána an Teampaill Cill Chainnigh
Bord Scannán na hÉireann	www.irishfilmboard.ie	Bord Scannán na hÉireann Geata na Banríona 23 Bóthar na nDuganna Gaillimh
Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann	www.irishmanuscripts.ie	Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann 45 Cearnóg Mhuirfean Baile Átha Cliath 2
Áras Nua-Ealaíne na hÉireann	www.modernart.ie	Áras Nua-Ealaíne na hÉireann An tOspidéal Ríoga An Bóthar Míleata Cill Mhaighneann Baile Átha Cliath 8
An Chartlann Náisiúnta	www.nationalarchives.ie	An Chartlann Náisiúnta, Sráid an Easpaig

		Baile Átha Cliath 8
An Ceoláras Náisiúnta	www.nch.ie	An Ceoláras Náisiúnta Ardán Phort an Iarla Baile Átha Cliath 2
Gailearaí Náisiúnta na hÉireann	www.nationalgallery.ie	Gailearaí Náisiúnta na hÉireann Cearnóg Mhuirfean Thiar Baile Átha Cliath 2
Leabharlann Náisiúnta na hÉireann	www.nli.ie	Leabharlann Náisiúnta na hÉireann Sráid Chill Dara Baile Átha Cliath 2
Ard-Mhúsaem na hÉireann	www.museum.ie	Ard-Mhúsaem na hÉireann Dún Uí Choileáin Sráid na Binne Boirbe Baile Átha Cliath 7
Coimisiún Forbartha an Iarthair	www.wdc.ie	Coimisiún Forbartha an Iarthair Teach Diolúin, Bealach an Doirín, Co. Ros Comáin
Gníomhaireacht na hUltaise (Tha Boord o Ulstèr-Scotch)	www.ulsterscotsagency.com	Gníomhaireacht na hUltaise The Corn Exchange Béal Feirste, BT1 2LG Tuaisceart Éireann
Údarás na Gaeltachta	www.udaras.ie	Údarás na Gaeltachta Na Forbacha Co. na Gaillimhe
Uiscebhealaí Éireann	www.waterwaysireland.org	Uiscebhealaí Éireann 2 Bóthar Shligigh Inis Ceithleann, BT74 7JY Co. Fhear Manach Tuaisceart Éireann

Aguisín 3:		
CAITEACHAS		
FO-MHÍRCEANN	TÁIRGEACHT DO 2016	TÁIRGEACHT
	RIARACHÁN	€'000
X.1	Tuarastail, Pánna agus Liúntais	31,175
X.2	Taisteal agus Cothú	1,196
X.3	Oiliúint agus Forbairt agus Costais Theagmhasacha	845
X.4	Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide	473
X.5	Trealamh Oifige agus Seirbhísí Seachtracha TF	1,811
X.6	Costais Áitreabh Oifige	726
X.7	Seirbhísí Comhairliúcháin agus Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead agus ar Pholasaí	3
	IOMLÁN	36,229
	Na hEalaíona, Cultúr & Scannán	
A.1	Riarachán - Pá	5,709
A.2	Riarachán - Neamhphá	1,063
A.3	Íocaíochtaí chun acmhainní arna nginiúint ag an gCartlann Náisiúnta a mheaitseáil	40
A.4	Costais Ghinearálta na Cartlainne Náisiúnta agus na Comhairle um an gCartlann Náisiúnta	1,274
A.5.	Costais Ghinearálta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Cheolárais Náisiúnta agus Áiléar Crawford	10,876
A.6	Gailearaithe, Ionaid Chultúrtha, Tionscadail Chultúrtha agus Músaem Réigiúnacha	2,925
A.7	Infreastruchtúr agus Forbairt Chultúrtha	15,352
A.8	Cultúr Éireann	5,496
A.9	An Chomhairle Ealaíon (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	60,120
A.10	Costais Ghinearálta Ard-Mhúsaem na hÉireann	12,120
A.11	Costais Ghinearálta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann	6,944
A.12	Bord Scannán na hÉireann	15,571
A.13	Costais ghinearálta Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann	7,636
A.14	Cathair Náisiúnta an Chultúir	0
A.15	Deich mBlíana na gCuimhneachán 1912-1922	28,374
A.16	Ionad Imeachtaí Chorcaí	0
	IOMLÁN	173,499
	OIDHREACHT	
B.1	Riarachán - Pá	18,514
B.2	Riarachán - Neamhphá	1,590
B.3	Deontas na Comhairle Oidhreachta (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	5,243
B.4	Oidhrecht Thógtha	2,402

B.5	Oidhreacht Nádúrtha (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra)	17,074
B.6	Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann	324
B.7	Scéim Giarála Post don Oidhreacht Thógtha	2,102
B.8	Athchóiriú Tailte Móna	800
	IOMLÁN	48,049

AN GHAELTACHT

C.1	Riarachán - Pá	2,949
C.2	Riarachán - Neamhphá	789
C.3	Scéimeanna Tacaíochta Gaeltachta	8,292
C.4	Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	3,594
C.5	An Coimisinéir Teanga	639
C.6	Údarás na Gaeltachta - Riarachán	8,823
C.7	Údarás na Gaeltachta - Caiteachas an Chláir Reatha	3,000
C.8	Údarás na Gaeltachta – Deontais do Thionscadail agus do Chaiteachas Caipitil ar Áitribh	9,087
C.9	Oileáin	13,274
C.10	An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge - 2010-2030	999
C.11	Deich mBlia na gCuimhneachán - Teach an Phiarsaigh	1,900
	IOMLÁN	53,346

Comhoibriú Thuaidh-Theas

D.1	Riarachán - Pá	1,058
D.2	Riarachán - Neamhphá	683
D.3	An Foras Teanga	13,249
D.4	Uiscebhealaí Éireann	26,567
	IOMLÁN	41,557

FORBAIRT RÉIGIÚNACH AGUS GNÓTHAÍ TUAITHE

E.1	Riarachán - Pá	2,947
E.2	Riarachán - Neamhphá	929
E.3	Bearta na gCuntas Díomhaoin	432
E.4	Coimisiún Forbartha an Iarthair	1,639
E.5	Scéimeanna Náisiúnta Forbartha Tuaithe	24,794
E.6	Leader - Fochlár Eacnamaíochta Tuaithe	9,989
E.7	Comórtas na mBailte Slachtmhara	1
E.8	Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte	9,880
E.9	Leathanbhanda Tuaithe, Oifigí Poist agus Forbairt Eacnamaíochta Réigiúnach	1,089
	IOMLÁN	51,699

	OLLCHAITEACHAS IOMLÁN	368,150
	LEITHREASAÍ-I-GCABHAIR	(8,620)
	GLANCHAITEACHAS IOMLÁN	359,530